An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Cás-staidéir 2025

# Réamhrá

Is é misean an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) ná seasamh leis an gceart bunúsach chun cosanta sonraí tríd an dlí maidir le cosaint sonraí a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go héifeachtach. Baintear é sin amach trí rannpháirtíocht fhiúntach, maoirseacht agus forfheidhmiú láidir agus comhlíonadh a spreagadh ar fud na n-earnálacha go léir. Ceann de na príomhcholúin sa mhisean seo ná tacú le heagraíochtaí a n-oibleagáidí a thuiscint agus a chomhlíonadh. Chun an sprioc sin a chur chun cinn, tá an Coimisiún tiomanta do chas-staidéir a fhoilsiú ina léirítear an chaoi a gcuirtear an dlí maidir le cosaint sonraí i bhfeidhm sa chleachtas, an chaoi a sainaithnítear cásanna neamhchomhlíonta agus an chaoi a gcuirtear bearta ceartaitheacha chun feidhme.

Sa leabhrán seo cuirtear cás-staidéir a tiomsaíodh ó thús deireadh 2025 i láthair agus léirítear tiomantas leanúnach an Choimisiúin do chur i bhfeidhm cuí agus comhréireach an dlí maidir le cosaint sonraí a chinntiú. Féadfar é a léamh in éineacht le cásanna eile mar atá leagtha amach i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo.



# Clár na nÁbhar

Réamhrá 1

Cás-Staidéir ar Iarratais Duine ar a Sonraí 6

**Cás-Staidéar 1:**
Cur i bhfeidhm srianta faoi RGCS agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 maidir le hIarratais Duine ar a Sonraí 7

**Cás-Staidéar 2:**
Cur i bhfeidhm srianta maidir le sonraí pearsanta a choinneáil siar 8

**Cás-Staidéar 3:**
Diúltú gan bhunús d'Iarratas Duine ar a Sonraí 10

**Cás-Staidéar 4:**
Ceart rochtana agus tuairimí a thugtar i suíomh ionaid oibre 11

**Cás-Staidéar 5:**
Táille a ghearradh chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta 12

**Cás-Staidéar 6:**
Iarratas ar rochtain thar ceann duine den teaghlach 13

**Cás-Staidéar 7:**
Míshástacht le freagairt eagraíochta ar Iarratas Duine ar a Sonraí 14

**Cás-Staidéar 8:**
Folú i bhFreagairt ar Iarratas Duine ar a Sonraí 15

**Cás-Staidéar 9:**
Mainneachtain freagairt iomlán a thabhairt ar Iarratas Duine ar a Sonraí le haghaidh sonraí leighis 16

Cás-Staidéir Ghinearálta ar Chosaint Sonraí 17

**Cás-Staidéar 10:**
Iarratas ón nGarda Síochána ar scoil 18

**Cás-Staidéar 11:**
Iarratas ar dhoiciméid stairiúla nár coinníodh a thuilleadh 19

**Cás-Staidéar 12:**
Iarratas ar shonraí leighis a léirscriosadh 20

**Cás-Staidéar 13:**
Céannacht a chruthú mar chuid d'iarratas ar chearta RGCS a dhéanamh 21

**Cás-Staidéar 14:**
Iarratas léirscriosta tar éis iarratas poist nár éirigh leis 22

**Cás-Staidéar 15:**
Faisnéis iomarcach faoi theastais bhreoiteachta agus an tábhacht a bhaineann le beartais thrédhearcacha 23

**Cás-Staidéar 16:**
Sonraí catagóire speisialta foilsithe gan bonn dleathach 24

**Cás-Staidéar 17:**
Iarratas ar alt nuachta a scriosadh 25

**Cás-Staidéar 18:**
Nochtadh sonraí pearsanta duine aonair ag a n-iarfhostóir do thríú páirtithe gan a dtoiliú 26

Cás-Staidéir a bhaineann le hIarratas Ceartúcháin 27

**Cás-Staidéar 19:**
Iarratas ceartúcháin curtha isteach chuig údarás cánachais 28

**Cás-Staidéar 20:**
Ceartúchán ar thuairisc arna hordú ag Cúirt Chuarda na hÉireann 29

**Cás-Staidéar 21:**
An ceart go ndéanfaí ceartúchán gcomhthéacs leighis 30

**Cás-Staidéar 22:**
Ceartúchán ar shonraí pearsanta míchruinne 32

Cás-Staidéir maidir le Sárú Sonraí 33

**Cás-Staidéar 23:**
Líomhain i dtaca le sárú san earnáil airgeadais 35

**Cás-Staidéar 24:**
Nochtadh neamhdhleathach faisnéise airgeadais 36

**Cás-Staidéar 25:**
Níos mó sonraí pearsanta ná mar is gá a phróiseáil, mar bhun de bhaol nochta neamhúdaraithe 37

**Cás-Staidéar 26:**
Easpa feasachta ar oibleagáidí rialaitheora agus easpa freagrachta astu i suíomh spóirt 38

**Cás-Staidéar 27:**
Easpa feasachta as ar eascair nochtadh neamhbheartaithe i suíomh scoile 39

**Cás-Staidéar 28:**
Fostaí ag uaslódáil Curricula Vitae chuig uirlis Intleachta Saorga (IS) 40

**Cás-Staidéar 29:**
Sárú cibearshlándála trí mheán glao camscéime 41

**Cás-Staidéar 30:**
Caillteanas doiciméad oifigiúil lena leagtar béim ar an riachtanas a bhaineann le próisis shlána 42

**Cás-Staidéar 31:**
Córais ríomhphost neamhshlán a úsáid i réimse an leighis 44

Cáis-Staidéar TCI 45

**Cás-Staidéar 32:**
Iarratas ar chearta rochtana do scannánaíocht TCI 46

**Cás-Staidéar 33:**
Iarrataí ar scannánaíocht TCI sa chás gur dhiúltaigh an t-iarratasóir cúnamh a thabhairt chun an raon feidhme a chúngú 47

**Cás-Staidéar 34:**
TCI (teilifís ciorcaid iata) tráchtála i suíomhanna cónaithe 48

**Cás-Staidéar 35:**
Ábhair imní fostaí maidir le TCI san ionad oibre 50

Cás-Staidéir Thrasteorann 51

**Cás-Staidéar 36:**
Gearán trasteorann maidir le mainneachtain freagairt ar iarratas ar rochtain 52

**Cás-Staidéar 37:**
Gearán trasteorann maidir le hiarratas ar rochtain agus léirscriosta do chuideachta áirithinte lóistín 54

**Cás-Staidéar 38:**
Gearán trasteorann maidir le hiarratas léirscriosta chuig cuideachta cluichíochta 56

**Cás-Staidéar 39:**
Gearán trasteorann maidir le mainneachtain freagairt ar hiarratas léirscriosta 57

# Cás-staidéir ar Iarratas Duine ar a Sonraí

Le hAirteagal 15 de RGCS, tugtar an ceart do dhaoine aonair rochtain ar a bhfaisnéis phearsanta a iarraidh. Ba cheart d'eagraíocht a fhaigheann iarratas dá leithéid an fhaisnéis a thabhairt don duine aonair ar bhealach tráthúil, leordhóthanach agus trédhearcach.

# Cás-Staidéar 1
## Cur i bhfeidhm srianta faoi RGCS agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 maidir le hIarratas Duine ar a Sonraí

Fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair a cuireadh Iarratas Duine ar a Sonraí faoi Airteagal 15 de RGCS faoi bhráid a n-iarfhostóra, scoil náisiúnta. Thug an scoil freagra don duine aonair laistigh den tréimhse reachtúil míosa, ach d'iarr an gearánach scaoileadh doiciméad breise uirthi.

Chuir an Coimisiún tús lena scrúdú agus, mar fhreagairt don Choimisiún, chuir an scoil in iúl gur scaoil sí sonraí pearsanta don duine aonair, ach:

- gur fholaigh sí faisnéis toisc go raibh sonraí tríú páirtí ann, i gcomhréir le hAirteagal 15(4) de RGCS; agus
- gur eisigh sí diúltú maidir le taifid ina raibh sonraí pearsanta ar bhonn na pribhléide comhairle dlíthiúla agus na pribhléide dlíthíochta dá bhforáiltear faoi Alt 162 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Scrúdaigh an Coimisiún cur i bhfeidhm na srianta agus d'iarr sé mionsonraí faoin tástáil chothromaíochta chomhlánaithe, a éilítear maidir le ceart rochtana duine aonair agus cearta agus saoirsí daoine eile. Rinne an Coimisiún athbhreithniú freisin ar chóipeanna de na leaganacha neamhfholaithe de na taifid chun a chinntiú gur cuireadh na srianta i bhfeidhm go cóir agus go cuí. Tar éis plé breise leis an scoil agus athbhreithniú mionsonraithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh bhí an Coimisiún sásta gur chuir an eagraíocht Alt 162 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 i bhfeidhm go ceart.

Chuir an Coimisiún in iúl don duine, tar éis scrúdú cúramach a dhéanamh ar a ngearán, go raibh an Coimisiún sásta gur chuir an eagraíocht na sonraí pearsanta go léir a bhí fágtha ar fáil agus gur chuir sí srianta i bhfeidhm go ceart maidir le teorainn a chur le rochtain a fháil ar shonraí tríú páirtí faoi Airteagal 15(4) de RGCS agus faoi Alt 162 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, i gcomhthéacs na pribhléide comhairle dlíthiúla agus na pribhléide dlíthíochta.

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Is féidir le rialaitheoir sonraí brath ar shrianta maidir le sonraí pearsanta a scaoileadh i gcúinsí áirithe, ach ní mór dóibh a chinntiú gur cuireadh tástáil chothromaíochta i bhfeidhm go cóir agus go cuí sna cúinsí sin. Ba cheart fianaise ar an tástáil chothromaíochta sin a chur ar fáil go héasca don Choimisiún, má iarrtar í.

# Cás-Staidéar 2

## Cur i bhfeidhm srianta maidir le sonraí pearsanta a choinneáil siar

Fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair a chuir Iarratas Duine ar a Sonraí faoi Airteagal 15 de RGCS faoi bhráid a n-iarfhostóra, ionad tréadach inar tairgeadh seirbhísí comhairleoireachta.

Chuir an eagraíocht in iúl don duine aonair gur coinníodh an taifead a bhí á lorg, ina raibh a sonraí pearsanta, siar ina iomláine. Ba é an t-údar a tugadh leis an diúltú iomlán ná, cé go raibh sonraí pearsanta an duine aonair sa taifead, bhí sonraí pearsanta tríú páirtí ann freisin, a bhí ag úsáid sheirbhísí comhairleoireachta an ionaid thréadaigh. Ina dhiaidh sin, chuir an duine aonair gearán faoi bhráid an Choimisiúin inar cuireadh imní in iúl go raibh an eagraíocht ag coinneáil na sonraí siar ina n-iomláine go mícheart gan na forálacha maidir le nochtadh páirteach a chur san áireamh.

Bhí an Coimisiún ag plé leis an eagraíocht chun an bhailíocht a bhaineann le teorainn a chur le ceart rochtana an duine aonair a mheas, lenar áiríodh soláthar na faisnéise maidir le cur i bhfeidhm srianta, go háirithe Alt 15(4) de RGCS, agus an ceanglas chun beart cothromaíochta a dhéanamh.

Cé gur léir go raibh beart cothromaíochta iomlán agus críochnúil déanta ag an eagraíocht, bhí an Coimisiún den tuairim nár aimsíodh cothromaíocht idir cearta an duine aonair agus cearta tríú páirtí go comhréireach le cinneadh na heagraíochta na sonraí ina n-iomláine a choinneáil siar. Mhol an Coimisiún don eagraíocht nach gceadaítear diúltú go hiomlán do cheart rochtana an duine aonair ar a sonraí pearsanta mar gheall ar a oibleagáid chun cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

Chuir an Coimisiún faisnéis ar fáil don eagraíocht maidir le breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) i gCás C-487/21 (F.F. v Österreichische Datenschutzbehörde agus CRIF GmbH), ina soiléirítear cad is 'cóip' sonraí pearsanta ann. Mar achoimre, rialaigh an Chúirt nach mór go dtabharfaí cóip dhílis agus intuigthe de na sonraí pearsanta go léir atá á bpróiseáil ag rialaitheoir don ábhar sonraí. Mar gheall air sin, agus ag brath ar mhionsonraí beachta an taifid, tá sé de cheart ag an duine aonair taifid ina n-iomláine a fháil nó, má tá sonraí tríú páirtí sna taifid sin, tá siad i dteideal sleachta de na sonraí pearsanta atá sna taifid sin nó achoimre orthu a fháil.

Mhol an Coimisiún don eagraíocht athmhachnamh a dhéanamh ar úsáid na díolúine i bhfianaise an bhreithiúnais ó CBAE agus aird á tabhairt ar chearta cosanta sonraí an tríú páirtí. Chuaigh an eagraíocht ar aghaidh chun cóip intuigthe den taifead a thabhairt don duine aonair agus an folú cuí curtha i bhfeidhm air.

Leis an gcás seo, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcomhréireacht agus srianta á gcur i bhfeidhm ar an gceart rochtana faoi Airteagal 15 de RGCS chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht a aimsiú idir cearta an duine aonair agus ceart na dtríú páirtithe.

## PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Agus eagraíocht ag iarraidh brath ar chur i bhfeidhm sriain chun rochtain ar shonraí pearsanta a choinneáil siar, ní mór di scrúdú críochnúil a dhéanamh ar bhailíocht na srianta sin chun a chinntiú nach gcoinneofar sonraí pearsanta siar gan breithniú cúramach a dhéanamh ar choincheapa an riachtanais agus na comhréireachta.
- Sa chás go bhfuil imní ar eagraíocht maidir leis an tionchar a bhaineann le hiarraidh ar rochtain a chomhlíonadh, níor cheart díreach gurbh é diúltú an fhaisnéis a thabhairt don duine aonair an fhreagairt acu, ach ba cheart iarracht a dhéanamh an iarratas ar rochtain a chomhlíonadh a mhéid is féidir agus cosaint leordhóthanach do chearta agus saoirí daoine eile á cinntiú ag an am céanna.
- Is féidir le heagraíocht a hoibleagáidí faoin reachtaíocht maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh trí dhoiciméid a scaoileadh i bhformáid fholaithe nó trí chóip dhílis agus intuigthe de na sonraí a sholáthar.

# Cás-Staidéar 3
## Diúltú gan bhunús d'Iarratas Duine ar a Sonraí

Fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair maidir le hIarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí a rinneadh faoi Airteagal 15 de RGCS chuig eagraíocht, foilsitheoir neamhspleách. Rinneadh an iarratas ar rochtain beagnach trí mhí sular cuireadh an gearán faoi bhráid an Choimisiúin. Chuir an eagraíocht in iúl don duine aonair go rabhthas ag diúltú don iarratas ar rochtain ar an mbonn gur mheas sí gurbh fhollasach go raibh an t-iarratas gan bhunús agus iomarcach.

Ar thosach feidhme an scrúdaithe ar an ngearán, mhol an eagraíocht don Choimisiún gur chuideachta bheag í agus go raibh an t-iarratas ar rochtain an-leathan; rud lena mbainfeadh athbhreithniú fairsing ar thaifid a bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith iontu a bhféadfadh a bheith faoi réir scaoileadh faoi Airteagal 15 de RGCS.

Agus an scéal ag dul ar aghaidh, sholáthair an Coimisiún treoir don chuideachta maidir le hiarrataí ar rochtain agus, go háirithe, mhol sé don chuideachta scaoileadh eatramhach taifead a eisiúint ina raibh sonraí pearsanta don duine aonair agus an chuid eile de na sonraí á hathbhreithniú ag an gcuideachta. Chloígh an chuideachta le comhairle an Choimisiúin agus scaoil sí na taifid ina raibh sonraí pearsanta don duine aonair i mbaisceanna.

Mar thoradh ar idirghabháil an Choimisiúin, chuaigh an chuideachta agus an duine aonair i dteagmháil lena chéile agus rinne siad paraiméadair na hiarrata ar rochtain a rinneadh ar dtús a bheachtú. Ina dhiaidh sin, comhlíonadh an t-iarratas ar rochtain agus fuair an duine aonair na taifid go léir.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Soláthraíodh soiléireacht leis an treoir ón gCoimisiún don chuideachta maidir lena freagrachtaí mar rialaitheoir sonraí agus bhí sí ina cúnamh maidir le próiseas réitigh chairdiúil trí theagmháil dhearfach idir an rialaitheoir agus an duine aonair a chur chun cinn. Ní cúis bhailí le hIarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí a dhiúltú faoi Airteagal 12(5) de RGCS é go bhfuil méid mór taifead ann ina bhfuil sonraí pearsanta agus go bhfuil méid mór acmhainní ag teastáil chun é a athbhreithniú.
- Ceanglaítear ar eagraíochtaí bearta eagraíochtúla cuí a chur chun feidhme chun a chinntiú go bhfuil siad in ann aon iarratais ar chearta a fhreagairt laistigh de na tréimhsí ama sainithe faoi RGCS.

# Cás-Staidéar 4
## Ceart rochtana agus tuairimí a thugtar i suíomh ionaid oibre

Fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair a chuir Iarratas Duine ar a Sonraí faoi Airteagal 15 de RGCS faoi bhráid a n-iarfhostóra, Bord Oideachais agus Oiliúna. Níor aontaigh an duine le cinneadh a bhfostóra faisnéis a fholú a bhí i ndoiciméad amháin agus scaoileadh dhá dhoiciméad eile a choinneáil siar. Dúirt an fostóir gur tugadh na sonraí dó faoi rún agus dá bhrí sin nach mbeidís siad faoi réir scaoileadh.

I gcomhfhreagras leis an gCoimisiún, luaigh an eagraíocht gur chuir sí teorainn le rochtain ar shonraí pearsanta an duine aonair faoi Airteagal 15(4) de RGCS agus faoi Alt 60(3)b den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Le hAlt 60(3)b d'Acht 2018 féadfar cead a thabhairt don eagraíocht faisnéis a choinneáil siar ó dhuine aonair, a mhéid gurb ionann an fhaisnéis agus an méid seo a leanas: (a) is léiriú tuairime í; agus (b) tugtar faoi rún í.

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an eagraíocht maidir leis na srianta ar ar braitheadh agus d'iarr sé cóip neamhfholaithe den doiciméad a fheiceáil ar cuireadh srian leis faoi Airteagal 15(4) de RGCS. D'iarr an Coimisiún freisin go soláthródh an eagraíocht faisnéis chúlra maidir le húsáid Alt 60(3)(b) d'Acht 2018 chun srian a chur le rochtain ar shonraí pearsanta.

I ndiaidh na doiciméid a fháil, chinn an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 15(4) de RGCS, gur cuireadh an folú i bhfeidhm i gceart chun cearta agus saoirí tríú páirtithe a chosaint. Ach, mar fhreagra ar cheisteanna a tharraing an Coimisiún anuas maidir le hAlt 60(3)(b) d'Acht 2018, dheimhnigh an eagraíocht gur tugadh an tuairim i gcáil bhainistíochta maidir le fostaí i gcomhthéacs feidhmíochta oibre.

Tá tairseach ard in Alt 60(3)(b) d'Acht 2018 chun na critéir rúndachta a bhaint amach. De ghnáth, ní bheidh maoirseoirí agus bainisteoirí in ann brath ar an bhforáil sin toisc go bhfuiltear ag súil go dtabharfaidís tuairimí ar fheidhmíocht foirne mar chuid dá ról, agus ba cheart go mbeidís in ann seasamh lena dtuairimí.

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an eagraíocht agus mhol sé di na sonraí pearsanta don duine aonair a scaoileadh. Ina dhiaidh sin, dheimhnigh an duine aonair go bhfuil siad sásta gur scaoileadh a sonraí pearsanta go léir dóibh.

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Agus eagraíocht ag freagairt d'Iarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí, féadfaidh sí a bheith i dteideal srian a chur le scaoileadh sonraí pearsanta, ar an gcoinníoll gur féidir léi a léiriú go bhfuil sí ag brath ar na srianta agus/nó ar na díolúintí faoi RGCS agus/nó faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm aici. I gcás den sórt sin, ní mór don eagraíocht a bheith in ann an réasúnaíocht a léiriú maidir le haon srianta agus/nó le haon díolúintí a dhéantar maidir leis an gceart rochtana agus ba cheart di na tairseacha ábhartha a mheas a bhaineann le srianta agus le díolúintí.

# Cás-Staidéar 5

## Táille a ghearradh chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta

Chuaigh duine aonair i dteagmháil leis an gCoimisiún toisc go ndearna siad Iarratas Duine ar a Sonraí dá ndochtúir ginearálta chun cóip dá dtaifid leighis a fháil agus cuireadh in iúl dóibh go ngearrfaí táille riaracháin chun freagairt dá n-iarratas.

Tar éis an gearán sin a fháil, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an Dochtúir Ginearálta (DG) chun a fháil amach cén fáth a rabhthas ag lorg táille ar iarratas ar rochtain ón duine aonair sin. Chuir an dochtúir in iúl don Choimisiún gur iarratas athdhéanta a bhí san iarratas ar rochtain sin ón duine aonair ar an bhfaisnéis chéanna laistigh d'achar ama gearr. Ós rud é nár áiríodh aon fhaisnéis nua nó bhreise leis an iarraidh athdhéanta sin, chinn an dochtúir go raibh an táille riachtanach sa chás sin chun costais riaracháin a chlúdach.

Agus freagra á thabhairt ar an duine aonair; chuir an Coimisiún in iúl dóibh, cé nach bhfuil táille iníoctha ag duine aonair ann chun iarraidh ar rochtain a dhéanamh de ghnáth; toisc gur iarraidh athdhéanta a bhí san iarraidh sin ar an bhfaisnéis cheannann chéanna, bhí sé deimhnithe ag an gCoimisiún go raibh an dochtúir ag gearradh na táille chun na costais riaracháin a bhaineann le déileáil leis an iarraidh athdhéanta a chlúdach.

Faoi Airteagal 12(5) de RGCS, caithfidh eagraíochtaí déileáil le hiarrataí ar rochtain saor in aisce. Ach sa chás go measann an eagraíocht gur follasach go bhfuil iarraidh gan bhunús nó iomarcach (mar shampla, sa chás go ndéanann duine aonair iarraidh ar rochtain arís agus arís eile ar an bhfaisnéis chéanna), féadfaidh an eagraíocht táille a ghearradh, agus na costais riaracháin a bhaineann le déileáil le hiarrata(í) á gcur san áireamh, nó diúltú gníomhú ar an iarraidh/na hiarrataí. Is ar an eagraíocht atá an dualgas a léiriú cén fáth a bhfuil sé follasach go bhfuil iarraidh gan bhunús nó iomarcach.

### KEY TAKEAWAY

- Faoi RGCS, ní mór d'eagraíochtaí freagairt ar Iarratais Duine ar a Sonraí saor in aisce. Ní cheadaítear táille ach amháin sa chás gur follasach go bhfuil an t-iarratas gan bhunús nó iomarcach, agus ní mór don eagraíocht údar a thabhairt leis sin. Moltar do dhaoine aonair iarratais a dhéanamh i scríbhinn agus cóip dá n-iarraidh agus/nó d'aon fhreagra(í) a fhaightear a choinneáil. Tá treoir bhreise maidir le hiarratas ar rochtain a dhéanamh, lena n-áirítear faisnéis ar rochtain a fháil ar thaifid leighis ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

An bhféadfaidh mé mo thaifid liachta a rochtain faoin dlí cosanta sonraí

# Cás-Staidéar 6
## Iarratas ar rochtain thar ceann duine den teaghlach

Chuir duine den teaghlach Iarratas Duine ar a Sonraí isteach inar lorgaíodh cóip de shonraí pearsanta an duine aonair ag a raibh riachtanais bhreise agus a bhí ina gcónaí i seirbhís chónaithe. Cé go raibh an duine muinteartha ar dhuine de phríomhchúramóirí an duine áirithe, dhiúltaigh an t-ionad cónaithe cóip de na taifid a scaoileadh toisc nach raibh an t-údarás dlíthiúil riachtanach ag an iarrthóir chun gníomhú thar ceann an duine aonair. D'eagraigh an t-ionad cruinniú, áfach, chun na taifid a phlé leis an duine muinteartha ionas go bhfanfaidís ar an eolas, agus é ag maíomh nach soláthrófaí cóipeanna gan údarás cuí.

Mheas an Coimisiún go raibh cur chuige an ionaid cuí. Chosain an eagraíocht cearta cosanta sonraí an duine agus thacaigh sí leis an duine muinteartha ina ról cúraim ag an am céanna.

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Ní féidir le duine Iarratas Duine ar a Sonraí a dhéanamh thar ceann duine eile ach amháin sa chás go bhfuil an t-údarás dlíthiúil acu chun é sin a dhéanamh. Ní mór d'eagraíochtaí a fhíorú go bhfuil aon iarratas a dhéantar thar ceann duine eile bailí, sula nochtfar aon sonraí pearsanta.

# Cás-Staidéar 7
## Míshástacht le freagairt eagraíochta ar Iarratas Duine ar a Sonraí

Chuir duine aonair gearán faoi bhráid an Choimisiúin maidir le heagraíocht san earnáil miondíola. Mhaígh siad go raibh freagairt na heagraíochta ar a nIarratas Duine ar a Sonraí neamhiomlán agus nár soláthraíodh sonraí pearsanta breise, go háirithe ríomhphoist shonracha.

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an eagraíocht agus chuir sé ar an eolas faoin ngearán í. Dheimhnigh an eagraíocht gur chuir sí na sonraí pearsanta go léir a bhí ina seilbh aici ar fáil don iarrthóir.

Nuair a chuir an Coimisiún in iúl don ghearánach é sin, mhaígh an duine aonair go raibh na ríomhphoist a bhain le tríú páirtí ainmnithe in easnamh. Shoiléirigh an Coimisiún nach dtugtar le hiarraidh ar rochtain ach teidlíocht do dhuine aonair ar a sonraí pearsanta féin, agus ní ar shonraí pearsanta tríú páirtí; mar sin féin, rinne an Coimisiún fiosrú breise leis an eagraíocht maidir leis an gcomhfhreagras a líomhnaíodh a bheith in easnamh. Sholáthair an eagraíocht fianaise lenar léiríodh na sonraí a scaoil sí agus dheimhnigh sí nach raibh aon sonraí pearsanta breise ann.

Sa chás go dtugann dhá pháirtí cuntais chontrártha, ní féidir leis an gCoimisiún a chinneadh gur tharla sárú gan fianaise shoiléir. Sa chás seo, níor sholáthair an duine aonair aon doiciméid ná aon fhaisnéis chun bunús a thabhairt leis an maíomh go raibh sonraí pearsanta breise ann nó gur coinníodh siar iad. Ós rud é nach raibh aon fhianaise ann chun tacú leis an líomhain easnaimh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfaí a dheimhniú go raibh sárú déanta ag an eagraíocht.

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Is minic a mheasann daoine go gcaithfidh sonraí pearsanta breise a bheith ann sa bhreis ar na sonraí a fhaigheann siad mar fhreagairt ar iarratas ar rochtain d'ábhar sonraí. Nuair a dhéantar gearán, rachaidh an Coimisiún i dteagmháil leis an eagraíocht chun a dheimhniú go bhfuil na sonraí ábhartha go léir curtha ar fáil. Ach ní féidir leis an gCoimisiún sárú a chinneadh gan fianaise nithiúil gur coinníodh sonraí pearsanta siar.

# Cás-Staidéar 8
## Folú i bhFreagairt ar Iarratas Duine ar a Sonraí

Rinne duine aonair teagmháil leis an gCoimisiún tar éis dóibh freagairt a fháil ar Iarratas Duine ar a Sonraí a rinne siad chuig a bhfostóir. Cé gur sholáthair an fostóir na sonraí pearsanta go léir a bhain leo, bhí faisnéis fholaithe i roinnt de na doiciméid, agus gan ach méid teoranta na sonraí pearsanta le feiceáil.

D'iarr an duine aonair soiléireacht maidir le cé acu a cheadaítear le RGCS folú doiciméad ina n-iomláine agus cé acu a chomhlíon an fostóir a n-oibleagáidí.

Mhínigh an Coimisiún, faoi RGCS, nach dtugtar ceart do dhuine le hiarraidh ar rochtain ach rochtain ar a sonraí pearsanta féin amháin. Níl siad i dteideal sonraí pearsanta tríú páirtithe, faisnéis íogair tráchtála nó aon ábhar nach sonraí pearsanta é a fháil. Sa chás go bhfuil faisnéis mheasctha i ndoiciméid, féadfaidh rialaitheoirí sonraí neamhphearsanta nó sonraí tríú páirtí a fholú chun comhlíonadh a chinntiú.

Sa chás seo, d'fholaigh an fostóir na doiciméid ionas nach raibh le feiceáil ach sonraí pearsanta an iarrthóra. Bhí an cur chuige sin ag teacht le ceanglais RGCS. Ghlac an duine aonair leis gur sholáthair an eagraíocht an fhaisnéis a bhí siad i dteideal a fháil agus dúnadh an cás.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Faoi RGCS, is minic a bhíonn folú sonraí tríú páirtí ag teastáil sa chás go bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann le duine aonair eile i ndoiciméid atá le scaoileadh freisin. Ní rud neamhchoitianta é go bhfaigheann daoine aonair ábhar folaithe mar fhreagairt ar Iarratas Duine ar a Sonraí a dhéantar faoi Airteagal 15 de RGCS.
- Sa chás go bhfuil imní ar dhuine aonair faoin leibhéal fostaithe, is féidir leo teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht agus an bonn ar a ndearnadh an folú a iarraidh. Má tá siad fós míshásta tar éis na teagmhála sin, is féidir leo gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus déanfar measúnú air maidir le comhlíonadh RGCS.

# Cás-Staidéar 9
## Mainneachtain freagairt iomlán a thabhairt ar Iarratas Duine ar a Sonraí le haghaidh sonraí leighis

Rinne duine aonair teagmháil leis an gCoimisiún maidir le hIarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí a chuir siad faoi bhráid ospidéil. Ina n-iarratas, lorg an duine aonair rochtain ar phíosa scannánaíochta agus comhad fuaime a cruthaíodh nuair a ghlac an duine aonair páirt i staidéar leighis. Dhiúltaigh an t-ospidéal rochtain ar an bhfaisnéis agus é ag rá gur forscríobhadh an píosa scannánaíochta go huathoibríoch tar éis coicíse, agus nach bhféadfaí rochtain a fháil ar an gcomhad fuaime gan bogearraí speisialta nach raibh rochtain ag an ospidéal orthu.

Mar chuid dá ngearán, dúirt an gearánach leis an gCoimisiún nár chuir an t-ospidéal in iúl dóibh, tráth a ghlac siad páirt sa staidéar leighis, go scriosfaí an píosa scannánaíochta tar éis coicíse.

Rinne an Coimisiún teagmháil leis an ospidéal chun soiléireacht a iarraidh maidir leis an tréimhse choinneála le haghaidh an phíosa scannánaíochta, agus cé acu a d'fhéadfadh sé cóip den chomhad fuaime a sholáthar nó nach bhféadfadh. Dheimhnigh an t-ospidéal don Choimisiún gur coinníodh an píosa scannánaíochta ar feadh coicíse chun ligean don dochtúir comhairleach an fhaisnéis a bailíodh a athbhreithniú agus, mura mbeadh athbhreithniú breise ag teastáil, bhí próiseas uathoibríoch i bhfeidhm chun an fhaisnéis a scriosadh tar éis coicíse. Chuir an t-ospidéal in iúl don Choimisiún freisin, toisc nach raibh an comhad fuaime ag teastáil ón ospidéal, nach raibh na bogearraí riachtanacha aige chun rochtain a fháil air. Dheimhnigh an t-ospidéal freisin gur scriosadh an comhad fuaime tar éis tréimhse coicíse.

Ós rud é gur chuir an gearánach a n-iarratas faoi bhráid an ospidéil níos mó ná dhá sheachtain tar éis dheireadh an staidéir, bhí an fhaisnéis scriosta cheana féin. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gur fhreagair an t-ospidéal go hiomlán ar an iarratas ar rochtain. Ach ní raibh an t-ospidéal trédhearcach leis an ngearánach maidir leis na tréimhsí coinneála le haghaidh an fhíseáin ná an chomhaid fuaime. Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an ospidéal maidir lena oibleagáidí chun a thrédhearcacht le daoine aonair a fheabhsú maidir leis na sonraí pearsanta a phróiseálann sé.

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Ba cheart d'eagraíochtaí a bheith soiléir agus trédhearcach le hábhair sonraí agus a sonraí pearsanta á bpróiseáil acu, lena n-áirítear iad a chur ar an eolas faoi thréimhsí coinneála. Tá sé tábhachtach go mbeadh beartais choinneála mionsonraithe agus go n-áireofaí leo tagairt shonrach d'fhaisnéis nach dtagann faoi na tréimhsí coinneála níos leithne le haghaidh sonraí a phróiseálann an eagraíocht.

# Cás-Staidéir Ghinearálta ar Chosaint Sonraí

# Cás-Staidéar 10
## Iarratas ón nGarda Síochána ar scoil

Chuir scoil in iúl don Choimisiún go bhfuair sí iarraidh ó chomhalta den Gharda Síochána faoi Alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, inar iarradh rochtain ar shonraí pearsanta a bhain le duine amháin dá daltaí. Dúirt an comhalta den Gharda go raibh an fhaisnéis ag teastáil chun críoch oifigiúil.

Lorg an scoil treoir ón gCoimisiún maidir leis an gcaoi ar cheart di freagairt. Mhol an Coimisiún don scoil, sula nochtfaí aon sonraí pearsanta, go háirithe i gcás ina bhféadfadh sonraí catagóire speisialta faoi Alt 9 a bheith i gceist, go raibh sí i dteideal soiléireacht bhreise a lorg. Mar Rialaitheoir Sonraí, bhí ar an scoil céannacht agus údarás an iarrthóra a fhíorú agus an bonn dleathach a rabhthas ag brath air faoi Alt 41(b) a dheimhniú, agus an cuspóir dá n-úsáidfí na sonraí a thuiscint.

Mhínigh an Coimisiún freisin, a luaithe a bheadh bonn dlíthiúil bailí faoi Airteagal 6(1) de RGCS deimhnithe, gurbh fhéidir leis an scoil na sonraí a scaoileadh má bhí sí sásta go raibh an t-iarratas riachtanach agus comhréireach. Ceanglaíodh ar an scoil, mar Rialaitheoir, údar a thabhairt le próiseáil agus taifid a choinneáil inar léiríodh comhlíonadh. Tar éis an treoir sin a fháil, lorg an scoil na soiléireachtaí riachtanacha ón gcomhalta den Gharda agus bhí sí sásta leis an mbonn dlíthiúil agus leis an údarás a soláthraíodh.

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Agus freagairt á thabhairt ar iarratas faoi Alt 41(b), ní gá do rialaitheoir sonraí, amhail scoil, sonraí pearsanta a nochtadh go huathoibríoch. Ba cheart don scoil a sheiceáil ar dtús go bhfuil an t-iarratas bailí agus an bonn dleathach a bhfuiltear ag brath air a shoiléiriú, agus ina dhiaidh sin a chinntiú go bhfuil an nochtadh riachtanach agus comhréireach leis an gcuspóir sonraithe. Measann an Coimisiún gur cheart go mbeadh iarratais ón nGarda Síochána i scríbhinn agus go leagfaí an cuspóir atá leis an iarratas amach go soiléir iontu. Is féidir le hoifigeach atá níos sinsearaí ná an comhalta den Gharda atá i mbun na gníomhaíochta dleathaí an t-údarás a shíniú.

# Cás-Staidéar 11
## Iarratas ar dhoiciméid stairiúla nár coinníodh a thuilleadh

Chuir duine aonair gearán faoi bhráid an Choimisiúin tar éis do bhanc diúltú cóipeanna dá ráitis bhainc stairiúla a sholáthar. Mheas an duine aonair go raibh an banc ag diúltú a sonraí pearsanta a scaoileadh mar fhreagairt ar Iarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí.

Rinne an Coimisiún teagmháil leis an mbanc chun a fháil amach cén fáth nár soláthraíodh cóip de na sonraí a iarraidh. Mhínigh an banc gur dúnadh an cuntas i gceist 20 bliain roimhe sin agus, i gcomhréir le sceideal coinneála an bhainc, scriosadh na taifid ghaolmhara go léir go buan.

Cuireadh an seasamh sin in iúl don duine aonair. Cé gur dhiúltaigh siad do sheasamh an bhainc, mhol an Coimisiún dóibh go raibh sé sásta gur scrios an banc na sonraí pearsanta a iarradh i gcomhréir lena bheartais bainistíochta taifead agus leis an bprionsabal teorannaithe stórála faoi Airteagal 5(1)(e) de RGCS. Chomhlíon an banc a oibleagáidí agus dá bhrí sin ní raibh aon fhianaise ann inar tugadh le fios gur sáraíodh an dlí maidir le cosaint sonraí.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Le hIarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí, níl rochtain ar fáil ach ar shonraí pearsanta atá ann tráth a dhéantar an iarraidh. Faoi phrionsabal teorannaithe stórála RGCS, ní fhéadfaidh eagraíochtaí sonraí pearsanta a choinneáil níos faide ná mar is gá agus ba cheart dóibh sonraí nach bhfuil gá leo a scriosadh go rialta.
- Agus taifid níos sine nó taifid stairiúla á n-iarraidh, ba cheart do dhaoine aonair a bheith ar an eolas go bhféadfadh sé gur scriosadh na sonraí go dleathach i gcomhréir le beartas coinneála na heagraíochta. Mura bhfuil na sonraí ann a thuilleadh, ní féidir a cheangal ar an eagraíocht iad a sholáthar.

# Cás-Staidéar 12
## Iarratas ar shonraí leighis a léirscriosadh

Fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair faoi Airteagal 17 de RGCS (an ceart go ndéanfaí léirscriosadh). Chuir an duine aonair in iúl don Choimisiún gur chuir siad iarratas léirscriosta faoi bhráid eagraíocht a oibríonn san earnáil sláinte ceirde, ach níor fhreagair an eagraíocht. Bhain na sonraí pearsanta i gceist le faisnéis sláinte, a aicmítear mar shonraí catagóire speisialta faoi Airteagal 9(1) de RGCS.

Nuair a rinne an Coimisiún teagmháil leis an eagraíocht, thug sí freagairt mhionsonraithe. Mhínigh an eagraíocht gur lean sí de bheith ag próiseáil shonraí pearsanta an ghearánaigh faoi Airteagal 9(2)(h) de RGCS, lena gceadaítear próiseáil nuair is gá chun críoch amhail míochaine shaothair, measúnú ar chumas oibre, diagnóis leighis nó soláthar nó bainistiú seirbhísí cúraim sláinte nó shóisialta.

Leag an eagraíocht amach freisin a bonn dlíthiúil le haghaidh diúltú don iarratas léirscriosta. Thug sí le fios go bhfuil sí á rialáil ag Comhairle na nDochtúirí Leighis, a bhfuil an t-údarás aici gearáin a fhiosrú agus smachtbhannaí suntasacha a fhorchur i gcás inar gá. Chun í féin a chosaint i gcás gearáin, ní mór don eagraíocht brath ar nótaí agus ar thaifid leighis ina dtugtar cuntais ar a idirghníomhaíochtaí le húsáideoir seirbhíse. Dá scriosfaí na taifid sin roimh am, d'fhéadfaí baint de chumas na heagraíochta freagairt ar iniúchadh rialála agus d'fhéadfadh torthaí éagóracha a bheith mar thoradh air. Chuir an eagraíocht in iúl don Choimisiún freisin go scriosfaí sonraí pearsanta an ghearánaigh seacht mbliana tar éis a hidirghníomhaíochta deireanaí leo, i gcomhréir lena beartas maidir le coinneáil sonraí.

Cé nach raibh an gearánach sásta leis an míniú sin, chinn an Coimisiún go raibh bonn dlíthiúil bailí ag an eagraíocht chun diúltú don iarratas léirscriosta.

Ach chinn an Coimisiún freisin nár chomhlíon an eagraíocht a hoibleagáid faoi Airteagal 12(3) de RGCS, lena gceanglaítear ar rialaitheoirí freagairt ar iarratais léirscriosta laistigh de mhí amháin. Rinne an Coimisiún níos mó teagmhála leis an eagraíocht chun a hoibleagáidí a chur i gcuimhne di maidir le hAirteagal 12 de RGCS.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Ní ceart iomlán é an ceart go ndéanfaí léirscriosadh faoi RGCS. D'fhéadfadh sé a bheith de cheangal dlí ar eagraíochtaí sonraí pearsanta a choinneáil, go háirithe taifid leighis nó taifid íogaire eile, ar chúiseanna rialála, gairmiúla nó a bhaineann le dliteanas. Is féidir údar a thabhairt le diúltú d'iarraidh léirscriosta leis na hoibleagáidí sin; ach ní mór d'eagraíochtaí cothromaíocht a aimsiú idir cearta daoine aonair agus a ndualgais reachtúla agus ghairmiúla féin.
- Mar a léirítear sa chás seo, fiú amháin i gcás nach féidir léirscriosadh a dheonú, ní mór d'eagraíochtaí ceanglais nóis imeachta, lena n-áirítear freagairt ar iarratais laistigh den tréimhse ama shainordaithe, a chomhlíonadh. Tá tuilleadh treorach ar an ábhar sin le fáil ag leasú nó léirscriosadh taifead leighis.

An bhféadfaidh mé RGCS a úsáid chun a shocrú go ndéanfaí mo thaifid liachta a leasú nó a léirscriosadh

# Cás-Staidéar 13
## Céannacht a chruthú mar chuid d'iarratas ar chearta RGCS a dhéanamh

Chuir duine aonair gearán faoi bhráid an Choimisiúin maidir le hiarratas ar shonraí pearsanta a rinne siad chuig comhlacht stáit. Thug an comhlacht stáit freagra don duine aonair inar iarr sé cóip dheimhnithe dá n-aitheantas fótagrafach. Mheas an duine aonair go raibh an t-iarratas sin ar fhaisnéis aitheantais dheimhnithe iomarcach agus bhí sé sin mar bhonn lena ngearán chuig an gCoimisiún.

Rinne an Coimisiún teagmháil leis an eagraíocht. Ina bhfreagairt, chuir an eagraíocht i dtábhacht, mar chomhlacht stáit atá ag déileáil le sonraí cosanta leanaí an-íogair, go bhfuil sé ríthábhachtach go ndeimhneofaí céannacht duine di sula scaoilfí aon sonraí pearsanta. Mar iarracht an gearán sin a réiteach, mhol an eagraíocht modh malartach don duine a gcéannacht a dheimhniú trí chóip de chomhartha aitheantais arna eisiúint ag an rialtas a sholáthar. Ach mhaígh an duine aonair go raibh an rogha eile sin iomarcach freisin.

Deirtear in Airteagal 12(2) de RGCS *'Éascóidh an rialaitheoir feidhmiú chearta an ábhair sonraí faoi Airteagal 15 go hAirteagal 22. I gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 11(2), ní dhiúltóidh an rialaitheoir beart a dhéanamh ar iarraidh a fháil ón ábhar sonraí a chearta nó a cearta a fheidhmiú faoi Airteagal 15 go hAirteagal 22, ach amháin má thaispeánann an rialaitheoir nach bhfuil sé in ann an t-ábhar sonraí a shainaithint'*. Mar atá leagtha amach freisin in Aithris 64 de RGCS, ní mór do rialaitheoir sonraí céannachta an iarrthóra a shainaithint go leordhóthanach (is é sin, an t-ábhar sonraí a cheangal go slán le hainm agus le sloinne) tar éis dóibh gach beart réasúnta a úsáid.

Chinn an Coimisiún gur léirigh an eagraíocht nach raibh sí in ann céannacht an duine aonair a dheimhniú go dtí an leibhéal cinnteachta a bhí riachtanach, agus gur sholáthair sí modh bailí malartach breise don duine aonair chun a gcéannacht a dheimhniú. Mheas an Coimisiún gur beart réasúnta iad gníomhartha na heagraíochta chun slándáil na sonraí pearsanta íogaire a bhí faoina rialú a chinntiú. Chuir an Coimisiún clabhsúr ar an gcás faoi alt 109(5)(c) d'Acht 2018, agus mhol sé don duine aonair smaoineamh ar chomhoibriú le hiarrachtaí na heagraíochta chun a gcéannacht a dheimhniú, agus úsáid á baint as aon cheann de na modhanna a moladh. Tríd an méid sin a dhéanamh, chuirfí ar chumas na heagraíochta an t-iarratas ar rochtain a chomhlíonadh agus na sonraí pearsanta a iarradh a sholáthar.

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Tá oibleagáid ar eagraíochtaí slándáil na sonraí pearsanta a phróiseálann siad a chinntiú. Áirítear leis sin próisis fíoraithe a bheith i bhfeidhm chun Iarratas Duine ar a Sonraí a láimhseáil chun a chinntiú nach scaoiltear sonraí pearsanta ach don duine cuí. D'fhéadfadh an próiseas atá ag teastáil chun céannacht duine a dheimhniú a bheith éagsúil ó eagraíocht go heagraíocht. Is minic a bhraitheann próisis fíoraithe ar an gcineál sonraí a phróiseálann an eagraíocht agus ar íogaireacht na sonraí atá á n-iarraidh.

# Cás-Staidéar 14
## Iarratas léirscriosta tar éis iarratas poist nár éirigh leis

Fuair an Coimisiún gearán maidir le hiarraidh léirscriosta ar diúltaíodh di. Chuir an gearánach iarratas léirscriosta isteach faoi Airteagal 17 de RGCS inar lorgaíodh scriosadh a sonraí pearsanta maidir le hiarratas poist nár éirigh leis. Dhiúltaigh an eagraíocht don iarratas sin agus thug sí le fios, i gcomhréir lena beartas coinneála, go gcoinnítear taifid a bhaineann le comórtais earcaíochta ar feadh 12 mhí. Ach measann an gearánach gur theip ar an eagraíocht bonn bailí a shainaithint faoi Airteagal 17 (3) de RGCS nó díolúine, chun údar a thabhairt lena diúltú a sonraí a léirscriosadh.

Bhí scrúdú an Choimisiúin dírithe ar cé acu a d'fhreagair an eagraíocht d'iarraidh léirscriosta an ghearánaigh nó nár fhreagair. Chuir an eagraíocht in iúl don Choimisiún gur chleachtas caighdeánach é an fhaisnéis ar fad a bhain le hiarratais phoist nár éirigh leo a choinneáil ar feadh tréimhse 12 mhí, agus go ndéanfaí an fhaisnéis a léirscriosadh ina dhiaidh sin. Míníodh freisin gur choinnigh sí taifid earcaíochta maidir le hiarrthóirí nár éirigh leo chun 'éileamh dlíthiúil a chosaint' agus rinneadh tagairt ar leith do ghearáin a rinneadh chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. Is féidir le duine a chreideann go ndearnadh leithcheal orthu le linn próiseas earcaíochta gearán a dhéanamh le CCÁO laistigh de shé mhí ón eachtra leithcheala líomhainte, agus tá síneadh ama sé mhí eile ar fáil i gcúinsí áirithe.

Cé nach bhfuil RGCS saintreorach maidir le beartais choinneála, ní mór do rialaitheoirí sonraí tréimhsí coinneála a bhunú agus a bheith in ann údar a thabhairt leo. Cé go raibh an eagraíocht in ann an Coimisiún a threorú chuig an mbeartas cuí a bhí i bhfeidhm, mhainnigh sí brath i gceart ar Airteagal 17(3)(e) de RGCS agus í ag freagairt d'iarraidh léirscriosta an ghearánaigh. Tugtar díolúine le hAirteagal 17(3)(e) de RGCS ó iarratas léirscriosta a dheonú nuair a bhíonn an fhaisnéis riachtanach chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint. Sa chás go ndéanann rialaitheoir iarracht brath ar dhíolúine ó iarratas léirscriosta faoi Airteagal 17, ba cheart dóibh a shainiú go soiléir cén díolúine ar a bhfuil siad ag iarraidh brath.

I ndiaidh a fhiosrúcháin, chuir an Coimisiún an bonn dlíthiúil a bhí ag an eagraíocht chun an t-iarratas léirscriosta a dhiúltú in iúl don ghearánach. Chuir an Coimisiún treoir ar fáil don eagraíocht freisin maidir leis an bhfaisnéis nach mór a chur in iúl do dhaoine aonair mar fhreagairt ar iarratas faoi Airteagal 17 de RGCS, i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá leagtha amach in Airteagal 12 de RGCS.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Féadfaidh rialaitheoir sonraí brath ar dhíolúine chun srian a chur le cearta ábhair sonraí, ach ní mór dóibh freagairt don iarratas go hiomlán agus i gcomhréir leis na hoibleagáidí faoi Airteagal 12 de RGCS.
- Cé nach dtugann RGCS sainordú maidir le tréimhsí coinneála sonracha, ní mór do rialaitheoirí sonraí údar a thabhairt leis na tréimhsí coinneála a roghnaigh siad agus, nuair is ábhartha, aon bhonn dlíthiúil bailí a shainaithint chun leanúint ar aghaidh le próiseáil sonraí pearsanta tar éis deireadh leis an gcaidreamh idir an t-ábhar sonraí agus an rialaitheoir.

# Cás-Staidéar 15
## Faisnéis iomarcach faoi theastais bhreoiteachta agus an tábhacht a bhaineann le beartais thrédhearcacha

Rinne duine aonair teagmháil leis an gCoimisiún agus chuir siad in iúl go raibh a bhfostóir ag iarraidh níos mó faisnéis sláinte ná mar a bhí riachtanach nuair a ghlac siad saoire bhreoiteachta. Léirigh siad imní freisin go gcaithfí teastais bhreoiteachta a sheoladh trí ríomhphost chuig AD, agus go bhfaigheadh comhalta den fhoireann airgeadais cóip den chomhfhreagras. Lorg an Coimisiún soiléireacht ón eagraíocht maidir leis an bhfaisnéis shonrach a bhí ar fhostaithe a sholáthar nuair a bhí siad as láthair de bharr tinnis agus cé a raibh rochtain acu ar an bhfaisnéis sin. Mhínigh an eagraíocht, carthanas a oibríonn le daoine leochaileacha, nach n-éilíonn sí de ghnáth ach deimhniú go raibh fostaí tinn. Níor iarradh mionsonraí leighis breise ach amháin sa chás go bhféadfadh tinneas tógálach a bheith ina riosca do chliaint leochaileacha, agus bhí faisnéis dá leithéid le comhroinnt go díreach le bainisteoir líne an fhostaí. Ní raibh an fhaisnéis bhreise ag teastáil ó AD agus níor ghá í a chur san áireamh ar theastas breoiteachta ó DG.

D'iarr an Coimisiún cóip de bheartas na heagraíochta chun a dheimhniú go raibh an difríocht sin curtha in iúl go soiléir. Fuair an Coimisiún amach go raibh an fhoclaíocht débhríoch sa bheartas a soláthraíodh, agus tugadh le fios sa bheartas gur cheart faisnéis bhreise a sholáthar i gcónaí ar theastais bhreoiteachta agus le bainisteoirí líne. Mar thoradh ar an easpa soiléireachta sin, bhí an eagraíocht ag próiseáil sonraí pearsanta catagóire speisialta gan ghá. Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an eagraíocht maidir lena hoibleagáidí faoi Airteagal 5(1)(a) agus Airteagal 13 de RGCS chun trédhearcacht agus faisnéis shoiléir le fostaithe a chinntiú.

Cheistigh an Coimisiún a thuilleadh an nós cóip de na teastais bhreoiteachta a cuireadh isteach a sheoladh chuig ball den fhoireann airgeadais. Chuir an eagraíocht in iúl go raibh dátaí neamhláithreachta ag teastáil ón bhfoireann airgeadais chun críocha párolla. Chuir an Coimisiún i dtábhacht nach raibh rochtain ar an teastas breoiteachta féin ag teastáil chuige sin. I ndiaidh an phlé sin, rinne an eagraíocht measúnú tionchair ar chosaint sonraí agus chinn sí nach raibh aon bhunús ann go mbeadh rochtain ar an bhfaisnéis sin ag an bhfoireann airgeadais. Ina dhiaidh sin, chuir sí nósanna imeachta athbhreithnithe chun feidhme chun a chinntiú go bhfuil rochtain ar fhaisnéis faoi shaoire bhreoiteachta teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Ní mór d'eagraíocht a chinntiú go bhfuil a beartais soiléir agus trédhearcach agus sonraí pearsanta á n-iarraidh, go háirithe sonraí catagóire speisialta. Le beartais dhébhríocha tá baol ann go mbailítear agus go bpróiseáiltear faisnéis nach bhfuil gá léi.
- Caithfidh rochtain ar fhaisnéis sláinte fostaithe a bheith cuí agus sonrach don ról. Ba cheart d'eagraíochtaí a chinntiú go ndéantar measúnuithe chun a chinneadh cé hiad na fostaithe a dteastaíonn rochtain uathu ar fhaisnéis áirithe chun a ndualgais a chomhlíonadh.

# Cás-Staidéar 16
## Sonraí catagóire speisialta foilsithe gan bonn dleathach

Chuir duine aonair an Coimisiún ar an eolas gur chuir siad iarratas pleanála faoi bhráid Comhairle Contae. Mar chuid dá n-aighneacht, chuir siad tuarascáil ó theiripeoir saothair péidiatrach san áireamh mar thacaíocht leis an iarratas. Chuir an Chomhairle Contae an tuarascáil teiripe saothair péidiatraí ar fáil go poiblí.

Tharraing an Coimisiún an t-ábhar anuas leis an gComhairle Contae, a dheimhnigh, cé nach mór cuid mhór den fhaisnéis atá in iarratas pleanála a fhoilsiú i gcomhréir le reachtaíocht phleanála, gurb é an beartas atá aici ná aon sonraí catagóire speisialta a bhaint de na doiciméid fhoilsithe. Ar an drochuair, de bharr earráid dhaonna, níor baineadh an tuarascáil teiripe saothair den iarratas sin. Dheimhnigh an Chomhairle Contae don Choimisiún gur bhain sí an tuarascáil a luaithe a cuireadh ar an eolas faoin ábhar í. Bhí na doiciméid ar fáil ar líne ar feadh tréimhse de thart ar cheithre lá.

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an gComhairle Contae maidir lena hoibleagáidí chun a chinntiú go bhfuil a foireann lánoilte ar chosaint sonraí, agus go dtuigeann siad an chosaint bhreise a thugtar do shonraí pearsanta catagóire speisialta, amhail an chosaint do thuarascáil teiripe saothair.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Éilítear leis an reachtaíocht pleanála go gcuirfear iarratais phleanála ar fáil don phobal. Ach ní mór d'eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil fíorghá le haon fhaisnéis a fhoilsítear mar chuid den iarratas dá leithéid chun an oibleagáid na doiciméid sin a fhoilsiú a chomhlíonadh.

- Ní mór go mbeadh nósanna imeachta láidre i bhfeidhm ag eagraíochtaí chun aighneachtaí pleanála a athbhreithniú roimh fhoilsiú, a chinntiú go bhfuil foireann oilte ar fhaisnéis íogair a shainaithint agus prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

- Tá sé de dhualgas ar eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil bonn dleathach faoi RGCS ann maidir le haon sonraí pearsanta a fhoilsíonn siad.

# Cás-Staidéar 17
## Iarratas ar alt nuachta a scriosadh

Fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair maidir le hiarraidh léirscriosta a cuireadh faoi bhráid eagraíocht nuachta chun ailt a bhain le ciontú coiriúil an ghearánaigh a scriosadh. Dhiúltaigh an eagraíocht nuachta don iarratas léirscriosta agus thagair sí don díolúine dá bhforáiltear faoi Airteagal 17(3)(a) de RGCS, ina dtagraítear don cheart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, agus don díolúine dá bhforáiltear faoi alt 43 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Acht 2018), ar a dtugtar an 'díolúine iriseoireachta'.

Cé go bhfuil sé i gceist go mbainfear tuiscint leathan as an díolúine ó chomhlíonadh na gceart agus na saoirsí atá leagtha amach in RGCS, tá sé de chúram ar an gCoimisiún a chinntiú go gcuirtear díolúintí den sórt sin i bhfeidhm i gceart. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún breithniú ar chúinsí chás an ghearánaigh agus chuir sé na hábhair a bhí i gceist in iúl don eagraíocht nuachta. Sa chás seo, bhí an eagraíocht nuachta in ann a léiriú go raibh suim leanúnach ag an bpobal i bhfoilsiú shonraí pearsanta an ghearánaigh, toisc gur tugadh na cúrsaí a raibh ciontú coiriúil an ghearánaigh mar thoradh orthu os comhair na gcúirteanna le fíordhéanaí. Luaigh sí freisin go raibh an t-ábhar foilsithe i dtaifead na cúirte, go raibh na sonraí pearsanta a bhí ann cruinn agus gur faisnéis infhoilsithe iad. D'athdhearbhaigh an eagraíocht a spleáchas ar Airteagal 17(3)(a) de RGCS agus ar alt 43 d'Acht 2018.

Rinne an Coimisiún breithniú ar fhreagairt na heagraíochta nuachta, agus aird ar leith á tabhairt ar an díolúine leathan ó chomhlíonadh forálacha áirithe de RGCS in Alt 43 d'Acht 2018, lena n-áirítear an ceart go ndéanfaí léirscriosadh faoi Airteagal 17 de RGCS. Ghlac an Coimisiún leis go raibh tús áite ag an gceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil ar RGCS sa chás seo, toisc go raibh na hailt i gceist fós ar mhaithe le leas an phobail.

Agus deireadh á chur leis an ngearán, chinn an Coimisiún go raibh údar ag an eagraíocht nuachta maidir lena spleáchas ar na díolúintí sin chun an t-iarratas léirscriosta a dhiúltú agus chuir sé an toradh sin in iúl don ghearánach.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Foráiltear in Alt 43 d'Acht 2018 díolúine leathan ó chomhlíonadh iarrata ar chearta a chuireann ábhar sonraí faoi bhráid eagraíocht nuachta. Ach ba cheart d'eagraíocht a fhaigheann iarratais dá leithéid agus atá ag iarraidh brath ar dhíolúintí den sórt sin a bheith in ann an t-údar atá acu le cur i bhfeidhm na díolúine iriseoireachta a léiriú go soiléir don Choimisiún.
- Is cuid thábhacht de chomhlíonadh RGCS a chinntiú é cothromaíocht a aimsiú idir cearta an duine aonair agus an tábhacht a bhaineann le tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil i sochaí dhaonlathach.

# Cás-Staidéar 18
## Nochtadh sonraí pearsanta duine aonair ag a n-iarfhostóir do thríú páirtithe gan a dtoiliú

Fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair maidir le nochtadh a sonraí pearsanta do thríú páirtithe ag a n-iarfhostóir tar éis dheireadh a bhfostaíochta. Bhí an gearánach fostaithe in ionad cónaithe agus briseadh as a bpost iad tar éis próiseas smachta.

Mar chuid den scrúdú ar an ngearán, rinne an Coimisiún iarracht a fháil amach an raibh bonn dleathach bailí faoi Airteagal 6 de RGCS ag an eagraíocht chun sonraí pearsanta an ghearánaigh a nochtadh do thríú páirtithe. Ina freagairt, d'admháil an eagraíocht nach bhféadfadh sí aon bhonn dleathach a shainaithint a thabharfadh údar le nochtadh stádas fostaíochta an ghearánaigh do na cónaitheoirí.

Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar cé acu a bhí na sonraí a nochtadh ábhartha agus teoranta don mhéid a bhí riachtanach don chuspóir a luadh, i gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí. Ghlac an eagraíocht leis go raibh bealach ní b'oiriúnaí ann chun cónaitheoirí a chur ar an eolas faoi imeacht an ghearánaigh óna ról, bealach nach nochtfadh gur briseadh as a bpost iad. D'admhaigh an eagraíocht freisin gur dhrochdhréacht a bhí sa litir a scaipeadh agus gur nochtadh faisnéis gan ghá inti, rud a bhí ina chúis ina dhiaidh sin le teip ar shonraí a theorannú don mhéid a bhí riachtanach i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(c) de RGCS.

Chuir an Coimisiún i gcuimhne don eagraíocht a hoibleagáidí, de bhun Airteagal 6 de RGCS bonn dleathach a shainaithint roimh aon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann sí nó atá beartaithe aici a dhéanamh. Thagair an Coimisiún freisin d'Aithris 74 de RGCS, agus é ag meabhrú don eagraíocht gur gá di a bheith in ann a léiriú go gcomhlíonann a gníomhaíochtaí próiseála RGCS, agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus cuspóirí na próiseála á gcur san áireamh, agus an riosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha.

Ghlac an eagraíocht freagracht as nochtadh neamhdhleathach shonraí pearsanta an ghearánaigh agus chuir sí bearta eagraíochtúla cuí, lena n-áirítear oiliúint maidir le cosaint sonraí, chun feidhme chun cosc a chur ar theagmhais dá leithéid amach anseo.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Ní mór do na heagraíochtaí go léir a phróiseálann sonraí pearsanta a bheith in ann an bonn dleathach atá mar bhonn taca faoina ngníomhaíochtaí próiseála, lena n-áirítear próiseáil shonraí na bhfostaithe, a shainaithint.
- Ní mór d'eagraíochtaí prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a chur i bhfeidhm ar gach gníomhaíocht phróiseála, chun a chinntiú nach bpróiseálann siad ach faisnéis atá leordhóthanach, ábhartha agus riachtanach chun na gcríoch dá bpróiseáiltear iad.

# Cás-Staidéir a bhaineann le hiarratas ceartúcháin

Foráiltear faoi Airteagal 16 de RGCS an ceart atá ag daoine aonair chun iarratas ceartúcháin a chur isteach sa chás go bhfuil a bhfaisnéis phearsanta míchruinn nó neamhiomlán. Nuair a fhaigheann eagraíocht gearán dá leithéid ba chóir cabhrú leis an duine aonair ar bhealach tráthúil, dóthanach agus trédhearcach.

# Cás-Staidéar 19
## Iarratas ceartúcháin curtha isteach chuig údarás cánachais

Fuair an Coimisiún gearán ó dhuine aonair maidir le hiarratas chuig údarás cánachais i dtaca le díolúine chánach bunaithe ar a stádas leighis. Chuir an t-údarás cánachais in iúl don duine aonair nach raibh siad i dteideal na díolúine toisc nár léirigh siad go raibh sí ábhartha dá gcúinsí. Bhí an duine aonair den tuairim nach raibh an cinneadh sin ceart agus chuir siad iarratas ceartúcháin isteach faoi Airteagal 16 de RGCS maidir le cinneadh nár chomhlíon siad na critéir chun díolúine a fháil ó dhliteanas cánach. Dhiúltaigh an t-údarás cánach an t-iarratas ceartúcháin seo a chomhlíonadh.

I ndiaidh don Choimisiún an gearán sin a fháil, chuaigh sé i mbun plé leis an údarás cánachais, agus d'fhreagair an t-údarás gur theip ar an ngearánach aon fhianaise a chur ar fáil a chruthaigh go raibh na ceanglais á gcomhlíonadh aige/aici chun leas a bhaint as an díolúine chánach. Cuireadh in iúl don Choimisiún go mbaineann an dualgas cruthúnais leis an iarrthóir agus sa chás nach raibh aon fhianaise ann, bhí ar an údarás cánachais a chinneadh nach raibh an gearánach i dteideal leas a bhaint as an díolúine. Mar sin, d'áitigh an t-údarás cánachais nach raibh aon sonraí pearsanta míchruinne faoin ngearánach á bpróiseáil ag an údarás a bheadh incháilithe le ceartú faoi Airteagal 16 de RGCS. Anuas air sin, chuir an t-údarás cánachais in iúl don Choimisiún gur chuir siad an gearánach ar an eolas roinnt uaireanta go raibh roghanna eile ann dó/di sa chás nár aontaigh siad le cinneadh an údaráis.

I ndiaidh imscrúdú, chuir an Coimisiún in iúl don ghearánach nach ceart iomlán é an ceart go ndéanfaí ceartúcháin faoi Airteagal 16 de RGCS agus sa chás seo, toisc gur léiriú soiléir den chinneadh a rinne an t-údarás cánachais bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil dóibh ag an ngearánach é an t-eolas a bhí ar taifead, bhí an ceart ag an údarás a n-iarratas ceartúcháin a dhiúltú.

Chuir an Coimisiún in iúl don ghearánach sa chás nach n-aontaíonn siad le cinneadh an údaráis cánachais gur féidir tús a chur leis an bpróiseas, de réir mar a leagadh amach ag an údarás cánachais, trína dtuairisceáin chánach a leasú agus an díolúine a iarraidh arís.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Sa chás go ndéanann údarás poiblí cinneadh faoin reachtaíocht lena rialaítear é, ní iomchuí d'iarrthóir iarratas ceartúcháin a úsáid, faoi Airteagal 16 de RGCS, chun an cinneadh sin a chur ar neamhní e.g.: Ní féidir leis an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh cibé acu atá nó nach bhfuil na ceanglais á gcomhlíonadh ag iarrthóir chun leas a bhaint as díolúine; ní féidir ach an chuideachta chuí cinneadh dá leithéid a dhéanamh, nó trí shásra achomhairc cuí.
- De réir mar a bhaineann sé le gach ceart cosanta sonraí, ní ceart iomlán é an ceart go ndéanfaí ceartúcháin. Ní mór an ceart a imscrúdú ar bhonn cás ar chás, lena gcuirtear nádúr na sonraí pearsanta a bhfuil ceartú á lorg ina dtaobh agus na críocha ar bailíodh na sonraí pearsanta san áireamh.

# Cás-Staidéar 20

## Ceartúchán ar thuairisc arna hordú ag Cúirt Chuarda na hÉireann

Fuair an Coimisiún gearán maidir le hiarraidh cheartúcháin a diúltaíodh a cuireadh isteach chuig cuideachta phoiblí faoi Airteagal 16 de RGCS. Bhain an t-iarratas ceartúcháin le tuairisc a bhí ullmhaithe ag an gcuideachta phoiblí mar fhreagra ar iarratas ó bhreitheamh na Cúirte Dúiche a bhain le cúrsaí dlí. Mhaígh an gearánach go raibh roinnt pointí míchruinne sa tuairisc.

Nuair a fuair an Coimisiún an gearán sin, chuaigh sé i dteagmháil leis an gcuideachta phoiblí chun a fháil amach cén fáth ar diúltaíodh don iarratas. Chuir an chuideachta phoiblí in iúl don Choimisiún gur foráladh leis an reachtaíocht faoinar ullmhaíodh an tuairisc gur féidir le Cúirt cuideachtaí poiblí ar leith a ordú chun fiosrúcháin a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt don chúirt i leith na bhfiosrúchán sin. I gcásanna den sórt sin, tá an chuideachta phoiblí á feidhmiú faoi stiúir na Cúirte, agus mar sin ní hionann í agus rialaitheoir sonraí na tuairisce atá i gceist. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis gníomhú ar aon iarratas ceartúcháin faoi Airteagal 16. Chuir an chuideachta phoiblí in iúl don Choimisiún gur cheart don duine aonair aon iarratas ceartúcháin i leith na tuairisce de a dhéanamh le Seirbhís Chúirteanna na hÉireann.

Ina fhreagra ar an duine aonair, chuir an Coimisiún in iúl dóibh nach raibh an chuideachta phoiblí in ann gníomhú ar a n-iarratas ceartúcháin toisc nach ionann í agus an rialaitheoir sonraí. Chuir an Coimisiún in iúl don duine aonair chomh maith, sa chás go ndiúltódh Seirbhís Chúirteanna na hÉireann dá n-iarratas ceartúcháin i leith na tuairisce sin, go mbeadh an deis acu gearán a chur faoi bhráid an bhreithimh shannta, de réir Alt 157(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Leagtar amach in Airteagal 55(3) de RGCS nach ndéanfaidh údaráis mhaoirseachta maoirseacht ar oibríochtaí próiseála na gcúirteanna le linn dóibh gníomhú ina gcáil bhreithiúnach; trasuíodh é sin i ndlí na hÉireann faoi alt 157 den Acht, 2018 agus foráiltear ann go ngníomhóidh breitheamh sannta mar an t-údarás maoirseachta i ndáil leis na cúirteanna le linn dóibh gníomhú ina gcáil bhreithiúnach.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Léirítear sa chás go bhfuil eintiteas ag próiseáil sonraí pearsanta faoi threoir bhreitheamh a bhaineann le haon chúirt inniúil, seans nach bhféadfadh a mheas gurb é an t-eintiteas sin rialaitheoir na sonraí pearsanta sin. Mar gheall air sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an t-eintiteas sin in ann gníomhú ar aon iarratas ceartúcháin sonraí pearsanta faoi Airteagal 16 de RGCS.
- Ar an gcaoi chéanna, ní hionann an Coimisiún agus an t-údarás inniúil chun gearán den sórt sin ó ábhar sonraí a imscrúdú, toisc go mbaineann an gearán le hoibríochtaí próiseála na gcúirteanna inniúla dlínse le linn dóibh gníomhú ina gcáil bhreithiúnach. I gcásanna dá leithéid, tá an deis ag an ábhar sonraí teagmháil a dhéanamh le Seirbhís Chúirteanna na hÉireann agus leis an mbreitheamh sannta reatha go sonrach chun a n-iarratas ceartúcháin a leagan amach faoi Airteagal 16 de RGCS.

# Cás-Staidéar 21
## An ceart go ndéanfaí ceartúcháin i gcomhthéacs leighis

Bhí duine aonair i dteagmháil leis an gCoimisiún i ndiaidh dá n-iar-chlinic DG mainneachtain gníomhú ar iarratas ceartúcháin faoi Airteagal 16 de RGCS.

Fuair an duine aonair cóip dá dtaifid leighis ón gclinic DG faoi Airteagal 15 de RGCS ar an gcéad dul síos, agus i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh orthu, chreid siad go raibh roinnt míreanna maidir lena sonraí pearsanta míchruinn.

Chuir an duine aonair iarratas ceartúcháin isteach chuig an gclinic le go ndéantar na pointí míchruinne líomhainte sin a cheartú. Cé gur dheimhnigh an clinic go bhfuair siad an t-iarratas agus cuireadh amlíne maidir lena críochnú ar fáil, ní bhfuair an duine aonair aon chomhfhreagras eile ón gclinic.

I ndiaidh don Choimisiún an gearán a fháil ón duine aonair sin, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an gclinic chun an cheist a chur chun cinn. Chuir an Coimisiún i gcuimhne don chlinic a oibleagáidí faoi RGCS mar Rialaitheoir Sonraí, agus aird á tarraingt ar Airteagail 12(3) agus 12(4) de RGCS, ina leagtar amach:

- na tréimhsí ama atá ann do rialaitheoir sonraí chun freagra a thabhairt ar iarratais (mí féilire amháin ón uair a fhaightear iarratas); agus

- ceanglas rialaitheora sonraí maidir le cúis bhailí a chur ar fáil chun iarratas a dhiúltú.

Ina fhreagra don Choimisiún, dheimhnigh an clinic go raibh athbhreithniú déanta acu ar na taifid ina raibh sonraí pearsanta an duine aonair. I ndiaidh an athbhreithnithe, cinneadh go raibh tuairim ghairmiúil leighis an dochtúra ag an am á léiriú sna hiontrálacha agus go raibh siad míchruinn dá bharr. Chuir an clinic DG in iúl don Choimisiún, toisc gurb ionann na taifid faoi thrácht agus tuairim gairmí leighis, níor cheap siad go raibh freagra de dhíth sa chás seo ó tharla nach raibh aon sonraí míchruinn ó thaobh fíricí de. Ach thairg an clinic ráiteas forlíontach a chur le taifid an duine aonair, inar cuireadh easaontas an duine aonair.

I ndiaidh idirghabháil an Choimisiúin, ghabh an clinic DG leithscéal leis an ngearánach as an moill sa fhreagairt ar a n-iarratas. Mhínigh an Coimisiún don duine aonair a gcearta faoi Airteagal 16 de RGCS agus nach mbaineann sé ach le sonraí atá míchruinn ó thaobh fíricí de. Meastar gur tuairimí gairmiúla iad diagnóis leighis agus nótaí cliniciúla atá bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus ní bhíonn siad faoi réir ceartúcháin de ghnáth. Cuireadh in iúl don duine aonair gur féidir comhthéacs tábhachtach a chur ar fáil d'aon chóireáil leighis a bheidh ann ina dhiaidh sin le tuairim leighis nó diagnóis, agus gur féidir ráiteas forlíontach a chur leis sa chás go measann an duine aonair go bhfuil an taifead neamhiomlán nó míthreorach. Dhiúltaigh an duine aonair don tairiscint ar ráiteas forlíontach.

Ina fhreagairt deiridh ar an duine aonair, chuir an Coimisiún in iúl gur aimsíodh go raibh cúis bhailí ag an gclinic diúltú don cheartúchán agus cuireadh i gcuimhne dó/di go raibh an tairiscint ar ráiteas forlíontach fós ann.

## PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Ní ceart iomlán é an ceart go ndéanfaí ceartúcháin.
- Faoi Airteagal 16 de RGCS ceadaítear ceartúchán sonraí pearsanta atá míchruinn ó thaobh fíricí de nó neamhiomlán, i.e. sonraí bunúsacha (amhail ainmneacha agus dátaí breithe). Is iondúil nach mbaineann nótaí cliniciúla agus diagnóis leis an gcatagóir sin.
- Bíonn taifid leighis bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil ag am ar leith, agus ní bhíonn siad faoi réir ceartúcháin de ghnáth. Sa chás nach bhfuil ceartú oiriúnach, d'fhéadfadh sé gur féidir ráiteas forlíontach a chur leis an taifead leighis chun tuairimí breise a chur san áireamh.
- Ní féidir leis an gCoimisiún a chinneadh má tá diagnóis leighis ceart go cliniciúil agus ní chuirfidh sé a thuairim féin in áit tuairimí gairmithe cúraim sláinte.

# Cás-Staidéar 22
## Ceartúchán ar shonraí pearsanta míchruinne

Chuaigh duine aonair i dteagmháil leis an gCoimisiún i ndiaidh d'eagraíocht diúltú dá n-iarratas maidir le ceartúchán a dhéanamh ar a sonraí pearsanta faoi Airteagal 16 de RGCS.

Chuir an gearánach in iúl don Choimisiún gur chláraigh siad le bheith ina gcustaiméir ag cuideachta fuinnimh nuair a tháinig gníomhaire díolacháin ó dhoras go doras chuig a n-áit chónaithe. Nuair a fuair an gearánach ríomhphost ina raibh an pacáiste fáilte ón gcuideachta, thug siad faoi deara go raibh a seoladh poist liostaithe go mícheart ar an ríomhphost sin. Ar leithligh uaidh sin, bheartaigh an gearánach deireadh a chur leis an gconradh leis an gcuideachta laistigh den tréimhse mharana.

Ansin lean an gearánach ar aghaidh le glaoch a chur ar an gcuideachta agus rinne siad iarratas ceartúcháin, faoi Airteagal 16 de RGCS, ag iarraidh go leasófaí an seoladh poist mhícheart go dtí an seoladh ceart. D'fhreagair an chuideachta agus dúirt siad nach féidir an seoladh a leasú ós rud é nach custaiméir é/í an gearánach a thuilleadh agus ní raibh cuntas beo acu leo a thuilleadh.

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an gcuideachta, a d'fhreagair nach raibh aon taifead acu go raibh an gearánach i ndiaidh iarratas ceartúcháin ar an seoladh poist mhícheart a chur isteach ach go raibh an seoladh ceartaithe acu mar gheall ar an gcomhfhreagras ón gCoimisiún. D'easaontaigh an gearánach le héilimh na cuideachta agus chuir siad cóip de ríomhphost ar fáil don Choimisiún, agus sa ríomhphost sin chuir an gearánach in iúl don chuideachta roimhe sin go raibh an seoladh mícheart ar taifead acu. Ina theannta sin, sa ríomhphost sin bhí tagairt don iarratas a rinne an gearánach ar an gcuideachta faoi Airteagal 16 de RGCS.

Mar chuid dá imscrúdú ar an ábhar, d'aimsigh an Coimisiún, toisc go raibh sé soiléir go raibh an fhaisnéis a bhí ar thaifid na cuideachta míchruinn, go raibh dualgas uirthi an fhaisnéis a cheartú gan moill mhíchuí. Bhí sé de cheart ag an gcuideachta freagra a thabhairt ar iarratas an ghearánaigh trí cheartúchán a dhéanamh ar na sonraí laistigh den tréimhse ama atá leagtha amach in Airteagal 12(3) de RGCS.

Sa chás sin, mhainnigh an chuideachta a hoibleagáid chun sonraí pearsanta a choinneáil cruinn agus cothrom le dáta de réir Airteagal 5(1)(d) de RGCS a chomhlíonadh. Mhainnigh sí ceartúchán a dhéanamh ar fhaisnéis a bhí míchruinn maidir le haon fhíoras laistigh den tréimhse ama reachtúil atá leagtha amach faoi Airteagal 12(3) de RGCS chomh maith. Bhí an Coimisiún i dteagmháil leis an Rialaitheoir Sonraí, lena n-eisítear moltaí chuige faoi alt 109(5)(f) den Acht 2018.

## PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Sa chás go bhfuil faisnéis duine aonair míchruinn, agus is féidir leis an ábhar sonraí faisnéis oibiachtúil a chur ar fáil lena léirítear go bhfuil na sonraí pearsanta míchruinn, tá ceangal ar rialaitheoirí na sonraí pearsanta míchruinne a cheartú gan moill mhíchuí.

- Ní mór go mbíonn na bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm ag rialaitheoirí sonraí chomh maith chun cearta an ábhair sonraí a phróiseáil, lena n-áirítear iarratais ó dhaoine nach custaiméirí iad, de réir a n-oibleagáidí faoi Airteagal 12 de RGCS.

# Cás-Staidéir maidir le Sárú Sonraí

# Cás-Staidéar 23
## Líomhain i dtaca le sárú san earnáil airgeadais

Bhí duine aonair i dteagmháil leis an gCoimisiún ag maíomh gur sháraigh a mbanc a sonraí pearsanta i ndiaidh dóibh faisnéis custaiméara eile a fháil sa phost. Cé go raibh imní orthu go bhféadfadh a sonraí féin a bheith nochta chomh maith, níor chuir an duine aonair aon fhianaise ar fáil chun tacú leis an tuairim sin.

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an mbanc atá i gceist ar mhaithe le soiléiriú. Dheimhnigh an banc, cé gur tharla nochtadh de thaisme le sonraí tríú páirtí agus gurbh é an gearánach an faighteoir neamhbheartaithe, ní raibh aon sárú ar shonraí pearsanta an ghearánaigh féin. Chuir an Coimisiún dearcadh an bhainc in iúl don duine aonair, a bhí fós buartha ach nach raibh in ann aon fhaisnéis a chur ar fáil lena léirítear go raibh a sonraí féin curtha i mbaol.

I ndiaidh don Choimisiún an t-ábhar a imscrúdú, níor éirigh leis sárú ar RGCS a aimsiú.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Ó am go chéile, d'fhéadfadh daoine aonair comhfhreagras a fháil sa phost nó go leictreonach, nach raibh beartaithe dóibh agus d'fhéadfadh sonraí pearsanta duine eile a bheith ann. I gcásanna dá leithéid, molann an Coimisiún an eagraíocht a sheol an fhaisnéis a chur ar an eolas láithreach, agus treoir a lorg uathu maidir leis an méid ba cheart a dhéanamh leis na sonraí.
- Má fhaightear faisnéis duine eile, ní hionann é sin is a rá gur sáraíodh sonraí an fhaighteora féin chomh maith.

# Cás-Staidéar 24
## Nochtadh neamhdhleathach faisnéise airgeadais

Bhí duine den teaghlach aosaigh leochailigh i dteagmháil leis an gCoimisiún i ndiaidh d'institiúid airgeadais faisnéis airgeadais íogair faoin duine aonair a sheoladh chuig an tsaoráid chónaithe ina raibh siad ina gcónaí. Mhínigh an duine den teaghlach don Choimisiún nach raibh cumas ag an duine aonair a gcúrsaí féin a láimhseáil. Seoladh an litir i gceist chuig an teach cónaithe ina raibh an duine ina gcónaí, ach níor seoladh í chuig an duine féin, mar sin fuair lucht na saoráide faisnéis nach raibh siad i dteideal acu rochtain a fháil uirthi.

Tharraing an Coimisiún aird na hinstitiúide airgeadais ar an ábhar. D'admhaigh an eagraíocht go raibh an seoladh mícheart ar an gcomhfhreagras agus dheimhnigh siad gur cheart an litir a sheoladh chuig an duine aonair f/ch na saoráide cónaithe. Ghlac sé nach raibh aon bhunús dleathach aige chun sonraí airgeadais íogaire an chustaiméara a nochtadh don tsaoráid chónaithe.

D'eisigh an institiúid airgeadais leithscéal chuig an duine i gceist agus cuireadh an sárú in iúl don Choimisiún. Rinne siad athbhreithniú ar a bpróisis agus ar a nósanna imeachta chomh maith agus scaipeadh meabhrúchán chuig an bhfoireann inar leagadh amach na céimeanna a bhí de dhíth chun sáruithe sonraí comhchosúla a chosc amach anseo.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Ní mór d'eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil na sonraí pearsanta go léir atá á gcoinneáil acu cruinn, cothrom le dáta, agus go ndéantar athbhreithniú orthu go rialta, agus go bhfuil próisis shoiléire i bhfeidhm chun aon neamhchruinneas a cheartú.

- Ba cheart go ndéantar sonraí teagmhála a fhíorú i gcónaí roimh aon fhaisnéis phearsanta a sheoladh, trí sheiceálacha agus céimeanna deimhnithe a úsáid chun sláine sonraí a chothabháil agus chun sonraí pearsanta daoine aonair a chosaint.

# Cás-Staidéar 25
## Níos mó sonraí pearsanta ná mar is gá a phróiseáil, mar bhun de bhaol nochta neamhúdaraithe

Cuireadh sárú in iúl don Choimisiún maidir le nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta íogaire de chuid ball foirne. Chuir aonad acmhainní daonna na heagraíochta, ar ionad sláinte poiblí é, róta tinrimh ar fáil dá fhoireann. Bhí baill foirne in ann sonraí faoi shaincheisteanna leighis a chur leis an róta agus iarratais ar athruithe róta á ndéanamh acu. Meastar gur sonraí pearsanta íogaire iad faisnéis leighis. Cuireadh an eagraíocht ar an eolas faoin ábhar nuair a tharraing ball foirne a haird ar an eolas a bhí á scaipeadh mar chuid de róta na foirne.

Chuir an eagraíocht an sárú in iúl don Choimisiún, agus ina dhiaidh sin rinneadh fiosrúchán inmheánach. Mar thoradh ar an bhfiosrúchán sin, tháinig roinnt saincheisteanna chun cinn, go háirithe nach raibh an róta á chosaint ag pasfhocal agus go raibh seoltaí ríomhphoist phearsanta roinnt baill foirne le fáil ann.

I ndiaidh plé leis an gCoimisiún, chuir an eagraíocht bearta nua i bhfeidhm chun a chinntiú nach raibh ach an leibhéal cuí faisnéise ar fáil agus go bhféadfadh an fhoireann teacht ar an róta trí bhealach slán struchtúrtha.

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Ní mór d’eagraíochtaí a bheith aireach ar na sonraí pearsanta a phróiseáiltear i ngach aon chomhthéacs. Ní mór próiseáil sonraí pearsanta a theorannú don mhéid is gá, de bhun Airteagal 5(1)(c) de RGCS. Ní mór d’eagraíochtaí bearta slándála cuí a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chosaint, de bhun Airteagal 5(1)(f) de RGCS.

  Sa chás seo, cé go raibh na sonraí pearsanta íogaire á gcur isteach ag baill foirne agus bhí siadsan ag cur leo, bhí an eagraíocht freagrach fós as an ábhar foriomlán.

# Cás-Staidéar 26
## Easpa feasachta ar oibleagáidí rialaitheora agus easpa freagrachta astu i suíomh spóirt

Thuairiscigh club spóirt sárú don Choimisiún i dtaca le nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta. Seoladh ríomhphost ina raibh sonraí faoi ghearán a rinneadh i gcoinne duine de na cóitseálaithe chuig Oifigeach Sábháilteachta Leanaí an chlub agus, de thimpiste, cuireadh ar aghaidh ansin é chuig duine de chóitseálaithe an chlub spóirt. Ina dhiaidh sin léadh an ríomhphost amach os ard ag cruinniú ar fhreastail roinnt cóitseálaithe air agus ligeadh aithne sheoltóir an ríomhphoist leo chomh maith.

Le linn mheasúnú an Choimisiúin ar an teagmhas, ba léir nach raibh duine ar leith freagrach as cúrsaí cosanta sonraí san eagraíocht agus nach raibh aon oiliúint ná feasacht fhoirmiúil ar chosaint sonraí i bhfeidhm. Mar gheall ar an sárú leagadh béim ar easnamh sa phróiseas láimhseála cumarsáide íogaire agus aithníodh go raibh teip ann i dtaca lena chinntiú go bpléitear le faisnéis phearsanta sa chaoi cheart agus go seoltar chuig faighteoirí aonair chun nochtadh neamhúdaraithe a chosc.

I ndiaidh plé leis an gCoimisiún, chuir an eagraíocht bearta maolaithe i bhfeidhm agus buaileadh leis na daoine aonair lena mbaineann maidir leis an nochtadh.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Ní mór do gach eagraíocht a bheith ar an eolas faoina hoibleagáidí mar rialaitheoir sonraí, agus cé go bhféadfadh nochtadh ó bhéal a bheith lasmuigh de raon feidhme RGCS i gcásanna áirithe, faoi mar a tharla sa chás sin, bhí feidhm ag RGCS toisc gur ó ríomhphost a tháinig na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos, agus is córas comhdúcháin ábhartha é sin.
- Chun comhlíonadh phrionsabal an íoslaghdaithe sonraí a chinntiú, agus chun sáruithe a sheachaint, ba cheart d'eagraíochtaí a chinntiú nach gcuirtear ach an leibhéal cuí sonraí san áireamh i gcomhfhreagras agus go ndéantar na réimsí 'faighteoirí beartaithe' a sheiceáil sula seoltar aon chumarsáid.

# Cás-Staidéar 27
## Easpa feasachta as ar eascair nochtadh neamhbheartaithe i suíomh scoile

Cuireadh sárú a bhain le meánscoil in iúl don Choimisiún. Chonaic dalta múinteoir agus a bpasfhocal á chur isteach acu i gcóras bogearraí riaracháin oideachais na scoile. Tharla an sárú toisc gur chuir an dalta an pasfhocal de ghlanmheabhair agus ansin bhain siad úsáid as chun rochtain a fháil ar an gcóras thar thréimhse cúig mhí. Sna fiosrúcháin ina dhiaidh sin léiríodh gur tharla an sárú 18 mí roimhe sin. Chuir tuismitheoir an scoil ar an eolas faoin teagmhas agus tuairiscíodh don Choimisiún é laistigh den cheanglas 72 uair an chloig. Sa chéad fhógra faoin sárú, ní raibh an eagraíocht in ann a dheimhniú an raibh nó nach raibh daoine leochaileacha i gceist nó an raibh nó nach raibh tionchar aige orthu, agus dá bhrí sin tuairiscíodh é ar an gcéad dul síos mar shárú ísealriosca.

Rinne an Coimisiún an sárú a mheas agus cinneadh gur sárú ardriosca a bhí ann.

Sárú ardriosca a bhí ann toisc go raibh an dalta in ann rochtain a fháil ar chóras na scoile ar feadh tréimhse fhada, agus chomh maith leis sin d'imir an sárú tionchar ar líon suntasach daltaí, fothacar mór díobh sa chatagóir leochaileach. Mar sin, cinneadh freisin go raibh sonraí catagóire speisialta de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 9 de RGCS san áireamh sna sonraí pearsanta a bhfuair an dalta rochtain orthu.

Le linn an mheasúnaithe ar an sárú, ba léir nach raibh an scoil ar an eolas faoina hoibleagáidí cosanta sonraí agus ní raibh bearta teicniúla ná eagraíochtúla cuí i bhfeidhm chun slándáil na sonraí faoina cúram a chinntiú. Chuir an Coimisiún na hoibleagáidí i gcomhréir le RGCS in iúl don scoil agus dhírigh sé aird na scoile ar an treoir atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin chun tacaíocht níos fearr a thabhairt di chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. I ndiaidh plé leis an gCoimisiún, chuir an scoil próisis slándála níos láidre i bhfeidhm ó thaobh rochtain ar chórais próiseála sonraí de, agus tugadh isteach oiliúint nuashonraithe maidir le cosaint sonraí do gach ball foirne. D'eisigh an scoil litreacha chuig tuismitheoirí na ndaltaí ar imir an sárú tionchar orthu chomh maith, lenar leagadh amach an chaoi ar tharla an sárú agus lena gcuireadh ar an eolas iad faoina gcearta faoi Airteagal 34 de RGCS.

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Tá dualgas ar eagraíochtaí na sonraí pearsanta a phróiseálann siad a chosaint trína chinntiú go bhfuil bearta cuí i bhfeidhm acu, de réir mar a éilítear le hAirteagal 5(1)(f) de RGCS. Ina theannta sin, ní mór dóibh a chinntiú go dtugann siad aird ar leith ar chatagóirí speisialta de shonraí pearsanta agus/nó i gcás ina mbaineann na sonraí pearsanta le daoine leochaileacha nó le leanaí, de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 9 de RGCS.
- Sa chás sin, bhí easnaimh shoiléire san oiliúint foirne, mar aon le monatóireacht agus slándáil neamhdhóthanach i dtaca le rochtain ar chórais a phróiseálann faisnéis íogair.

# Cás-Staidéar 28
## Fostaí ag uaslódáil Curricula Vitae chuig uirlis Intleachta Saorga (IS)

Tuairiscíodh sárú don Choimisiún i dtaca le heagraíocht a oibríonn laistigh den earnáil airgeadais. Bhí uirlis um Chosc ar Chaillteanas Sonraí i bhfeidhm ag an eagraíocht, agus cuireadh bratach le foláireamh a léirigh gur uaslódáil fostaí 32 Curriculum Vitae, ina raibh sonraí pearsanta, agus a ríomhaire oibre in úsáid aige/aici chuig uirlis sheachtrach IS saor in aisce. Bhí sonraí pearsanta amhail ainmneacha, sonraí teagmhála, seoltaí, stair fostaíochta, teistiméireachtaí, sonraí pas/víosa, agus grianghraif san áireamh sna Curricula Vitae.

Chuir an eagraíocht an sárú ar shonraí pearsanta in iúl don Choimisiún, toisc gur uaslódáladh na sonraí pearsanta a bhí sna Curricula Vitae chuig suíomh tríú páirtí, agus ar an suíomh sin ní raibh aon chomhaontú próiseála sonraí i bhfeidhm agus ní raibh na sonraí pearsanta faoi rialú an Rialaitheora Sonraí a thuilleadh. Chuir an eagraíocht in iúl don Choimisiún gur bhain an fostaí úsáid as an uirlis IS saor in aisce chun a ról a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí. Chomh maith leis sin, chuir an eagraíocht in iúl nach raibh aon bheartas i bhfeidhm ann i dtaca le húsáid uirlisí seachtracha saor in aisce, lena n-áirítear IS.

I ndiaidh plé leis an gCoimisiún, d'aontaigh an eagraíocht athbhreithniú a dhéanamh ar a polasaithe agus treoir/oiliúint a chur ar fáil dá foireann maidir le húsáid chuí uirlisí seachtracha i gcomhréir leis na dea-chleachtais cosanta sonraí.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Sa chás sin leagtar béim ar an riosca leanúnach a bhaineann le hinfhaighteacht uirlisí IS saor in aisce i gcomhthéacs sonraí pearsanta, agus cé chomh héasca is atá sé na huirlisí sin a úsáid i ngan fhios d'eagraíochtaí.
- Sa chás sin léirítear arís an tábhacht a bhaineann le heagraíochtaí polasaithe maidir le húsáid chuí agus fheasach a chruthú agus, dá réir sin, a chinntiú go bhfuil an fhoireann ar fad ar an eolas faoi na polasaithe sin agus faoina n-oibleagáidí i dtaca le cosaint sonraí.

# Cás-Staidéar 29
## Sárú cibearshlándála trí mheán glao camscéime

Tuairiscíodh sárú don Choimisiún a bhain le heagraíocht a oibríonn san earnáil oideachais tríú leibhéal. Fuair fostaí na heagraíochta glao gutháin camscéime ar a nguthán pearsanta agus iad ag obair ón mbaile, mhaígh an glaoiteoir gur ó eagraíocht náisiúnta cibearshlándála a bhí siad. Le linn an ghlao sin, chuir an drochghníomhaí ina luí ar an bhfostaí go raibh a gcuntas bainc i mbaol.

Faoi threoir an drochghníomhaí, d'íoslódáil an fostaí bogearraí cianamhairc ar ríomhaire glúine corparáideach agus é/í ar a wi-fi baile. Bhí an fostaí sínithe isteach ina gcuntas ríomhphost corparáideach ar a ríomhaire glúine oibre tráth an teagmhais sin, agus de thoradh an bogearra a shuiteáil siad bhí na drochghníomhaithe in ann rochtain a dhéanamh ar líonra an choláiste ar bhealach nár braitheadh. Ní raibh córas monatóireachta slándála, fógraí foláirimh ar an timpeallacht fiontair, ná bogearraí i bhfeidhm ag an eagraíocht. I ndiaidh fiosrúcháin, cinneadh nár aimsíodh gur goideadh aon sonraí pearsanta le linn an teagmhais sin.

I ndiaidh plé leis an gCoimisiún, chuir an eagraíocht tríú leibhéal oiliúint nuashonraithe faoi chibearshlándáil agus faoi chosaint sonraí i bhfeidhm don fhoireann ar fad, lena n-áirítear feasacht a tharraingt ar ghlaonna camscéime a d'fhéadfadh a bheith ann. Ina theannta sin, chuir an eagraíocht próisis fheabhsaithe slándála agus monatóireachta i bhfeidhm chun an fhéidearthacht go dtarlódh sárú dá leithéid arís a mhaolú.

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Sa chás sin léirítear an luach a bhaineann le feasacht agus oiliúint foirne agus an tábhacht a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar chórais chun cosc a chur ar rochtain neamhúdaraithe ag drochghníomhaithe. Chomh maith leis sin leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le slándáil leordhóthanach agus éifeachtach a bheith i bhfeidhm ar chórais chorparáideacha chun cosc a chur ar rochtain neamhúdaraithe agus chun í a bhrath.

# Cás-Staidéar 30
## Caillteanas doiciméad oifigiúil lena leagtar béim ar an riachtanas a bhaineann le próisis shlána

Tuairiscíodh sárú don Choimisiún maidir le húdarás rialála náisiúnta. Cuireadh an eagraíocht ar an eolas faoi shárú sonraí pearsanta i ndiaidh comhfhreagras a fháil ó dhuine aonair a chuir in iúl di nach bhfuair siad na doiciméid oifigiúla (cárta aitheantais oifigiúil bunaidh agus doiciméad oifigiúil nua) a raibh súil ag an duine aonair a fháil sa phost ón eagraíocht. I ndiaidh fiosrúchán inmheánach, measadh go raibh na doiciméid caillte agus níorbh fhéidir iad a fháil ar ais.

Le linn mheasúnú an Choimisiúin, tháinig sé ar an eolas gur sheol an eagraíocht na doiciméid sa ghnáthphost i dtosach. Nuair a fuair an eagraíocht amach go raibh na doiciméid ar iarraidh, seoladh litir chláraithe athshlánaithe chuig an seoladh céanna. Seoladh an litir sin ar ais mar níorbh fhéidir í a sheachadadh mar gheall ar an seoladh neamhiomlán a bhí uirthi. Leagadh amach i dtuairisc an fhiosrúcháin go raibh iarratas de láimh curtha isteach ag an duine aonair agus bhí seoladh lámhscríofa air. Bhí cuid den seoladh sin ar iarraidh, cé go raibh an tÉirchód ceart ann. Eisíodh doiciméad oifigiúil nua ina ionad ina dhiaidh sin sa phost cláraithe chuig an duine aonair agus úsáideadh an seoladh iomlán.

Leis an teagmháil a bhí aige leis an eagraíocht, thug an Coimisiún moltaí chun bearta maolaithe riosca a chur i bhfeidhm. Ina dhiaidh sin, dheimhnigh an eagraíocht go bhfuil roinnt próisis agus polasaithe nuashonraithe glactha aici chun an riosca a íoslaghdú. Mar shampla, tá polasaí curtha i bhfeidhm anois ag an eagraíocht go gcaithfear aon doiciméad ina bhfuil sonraí pearsanta a sheoladh trí phost cláraithe.

Maidir le fíorú agus slándáil sonraí custaiméirí, tá próiseas fíoraithe nua glactha ag an eagraíocht ó shin. Cuireadh dhá phríomhathrú i bhfeidhm leis an gcóras sin:

- Anois tógtar sonraí teagmhála, amhail seoltaí, ó iarratas tosaigh an chustaiméara chuig an eagraíocht, ar líne nó i láthair go pearsanta. Ní cheanglaítear ar iarratasóirí ar an tseirbhís seoladh a scríobh de láimh ar fhoirm iarratais bhreise a thuilleadh. Moltar don chustaiméir an eagraíocht a chur ar an eolas faoi aon athrú ar a seoladh chomh maith; agus

- ní gá doiciméid bhunaidh a chur isteach a thuilleadh toisc go nglactar le cóipeanna scanta anois chun críche iarratais.

Anuas air sin, tá 'amharc aonair an chustaiméara/ príomhthaifead sonraí' á chur i bhfeidhm ag an eagraíocht faoi láthair, agus beidh sé nasctha leis na bunachair shonraí éagsúla ar leith ar fud na heagraíochta, lena gcabhrófar le sonraí pearsanta a choinneáil cothrom le dáta agus cruinn.

Tá oifigeach cosanta sonraí na heagraíochta i mbun comhpháirtíocht ghníomhach leis na haonaid ghnó ar leith agus tá na cláir oiliúna laistigh den eagraíocht nuashonraithe aige/ aici.

## PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Sa chás sin, léirítear an gá atá ann d'eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil na sonraí pearsanta agus na doiciméid atá á bpróiseáil acu faoi chosaint agus slánaithe go cuí. Trí cheanglas chun doiciméid ina bhfuil sonraí pearsanta a sheoladh sa phost cláraithe a chur i bhfeidhm, cuirtear rian seachadta indeimhnithe ar fáil, lena gcinntítear cuntasacht, agus lena dtacaítear le comhlíonadh oibleagáidí um chosaint sonraí.

# Cás-Staidéar 31
## Córais ríomhphost neamhshlán a úsáid i réimse an leighis

Tuairiscíodh sárú don Choimisiún maidir le clinic beag DG inar chuir othar seoladh ríomhphoist mícheart isteach ar fhoirm le linn coinne, agus taifeadadh an seoladh ríomhphoist sin gan fíorú. Mar thoradh air sin, seoladh comhfhreagras ríomhphoist ó oifig an DG ina raibh sonraí pearsanta an othair chuig faighteoir tríú páirtí neamhbheartaithe agus seoladh é i bhformáid nach raibh criptithe.

Chuaigh an Coimisiún i mbun plé leis an gclinic, agus mar thoradh air sin rinne an eagraíocht athbhreithniú inmheánach ar a córais. Tarraingíodh aird ar roinnt saincheisteanna, go háirithe an cás go raibh foireann an chlinic ag úsáid cuntas ginearálta ríomhphoist saor in aisce chun dul i gcumarsáid le hothair, agus níor úsáideadh aon chriptiú ar ábhar sa chumarsáid sin. I ndiaidh an phlé sin, chuir an clinic na bearta seo a leanas i bhfeidhm:

- uasghrádaíodh a chórais ríomhphoist go seirbhís íoctha níos sláine, agus chinntigh siad gur aistríodh na ríomhphoist stairiúla go léir chuig an gcóras seachadta nua;
- cuireadh próiseas i bhfeidhm trína ndearnadh criptiúchán ar an gcomhfhreagras go léir, lena n-áirítear torthaí;
- cuireadh tús le hoiliúint foirne i dtaca leis an gcóras a úsáid agus criptiúchán a úsáid sa chumarsáid ríomhphoist; agus
- cuireadh tús le tairseach shlán othar a chur chun feidhme go céimneach. Ar an ardán ligtear d'othair, lena dtoiliú, rochtain a dhéanamh ar dhoiciméid agus iad a chomhroinnt trí chóras logála isteach atá cosanta ag fíordheimhniú dhá mhodh (2FA). Agus an córas sin curtha i bhfeidhm ina iomláine, ní úsáidfear ríomhphost a thuilleadh chun doiciméid othar a sheoladh agus cuirfidh an t-ardán sin go mór le slándáil chumarsáid na n-othar.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Sa chás sin, léirítear na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag fiontar beag agus a oibleagáidí faoi RGCS á gcomhlíonadh aige, agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann mura bhfuil teicneolaíochtaí bogearraí nuashonraithe in úsáid aige. Ba cheart aon ghné shlándála a chumrú de réir nádúr an ghnó, agus ba cheart d'úsáideoirí an chórais a bheith go hiomlán ar an eolas faoin méid faisnéise atá de dhíth agus riachtanach, agus gan uaslódáil sonraí pearsanta dá leithéid a cheadú ach amháin nuair is gá.
- Ba cheart go mbeadh próisis i bhfeidhm ag eagraíochtaí, lena n-áirítear fiontair bheaga, chun a chinntiú go bhfuil na sonraí pearsanta go léir a bhailítear agus a phróiseáiltear cruinn.

# Cás-Staidéir TCI

# Cás-Staidéar 32
## Iarratas ar chearta rochtana do scannánaíocht TCI

Bhí duine i dteagmháil leis an gCoimisiún i ndiaidh d'eagraíocht a n-iarratas ar shonraí pearsanta a dhiúltú—go sonrach, scannánaíocht TCI de theagmhas a bhain leo ar áitreabh na heagraíochta. Chomh maith leis sin, dúirt an duine nár thug an eagraíocht aon chúis don diúltú.

I ndiaidh don Choimisiún an gearán a fháil, lorg siad soiléiriú ón eagraíocht maidir lena cúiseanna le diúltú don iarratas. Mhínigh an eagraíocht go raibh cóip den scannánaíocht TCI curtha ar fáil don Gharda Síochána, agus go bhféadfadh an duine an scannánaíocht a fháil go díreach ón nGarda Síochána.

Chuir an Coimisiún na hoibleagáidí faoi RGCS atá ag an eagraíocht i gcuimhne di. Faoi Airteagal 15 de RGCS, ní mór d'eagraíochtaí freagra a thabhairt ar Iarratais Duine ar a Sonraí laistigh de 30 lá. Má chreideann eagraíocht go bhfuil údar aici an fhaisnéis a choinneáil siar, ní mór di na díolúintí ábhartha ar a bhfuil sí ag brath a shainaithint, an fáth a bhfuil feidhm ag an díolúine a mhíniú, agus an spleáchas ar an díolúine riachtanach agus comhréireach a léiriú. D'ordaigh an Coimisiún don eagraíocht freagra a thabhairt ar iarratais ar rochtain an duine laistigh de thréimhse ama shonraithe.

Ina dhiaidh sin, dheimhnigh an eagraíocht go raibh na sonraí pearsanta a iarradh curtha ar fáil aici don duine aonair agus dheimhnigh an duine aonair don Choimisiún go bhfuair siad na sonraí a iarradh gan a thuilleadh moille gan údar.

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Sa chás sin léirítear nach mór go mbíonn bonn dleathach agus soiléir leagtha amach ag eagraíocht chun iarratais ar rochtain a dhiúltú. Ní bhaintear freagrachtaí na heagraíochtaí faoi RGCS trí dhuine a atreorú chuig cuideachta eile, amhail an Garda Síochána, más í rialaitheoir na sonraí pearsanta fós í. Tá tuilleadh treorach d'eagraíochtaí maidir lena n-oibleagáidí i dtaca le hIarrataí ar Rochtain d'Ábhair Sonraí agus treoir maidir le TCI ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Iarratais Duine ar a Sonraí

Treoir ar Úsáid TCI – Do Rialaitheoirí Sonraí

# Cás-Staidéar 33

## Iarratais ar scannánaíocht TCI sa chás gur dhiúltaigh an t-iarratasóir cúnamh a thabhairt chun an raon feidhme a chúngú

Rinne duine aonair gearán leis an gCoimisiún i ndiaidh gur mhainnigh eagraíocht mhór freagra a thabhairt ar a n-iarratas ar an láthair ar scannánaíocht TCI de theagmhas líomhainte ar áitreabh na heagraíochta.

I ndiaidh teagmháil leis an eagraíocht, chuir sí taifid ar fáil lenar léiríodh go raibh sí i ndiaidh iarraidh ar an duine aonair arís agus arís eile sonraí riachtanacha a chur ar fáil, go sonrach dáta, am agus suíomh cruinn an teagmhais líomhainte, ionas gur féidir an scannánaíocht ábhartha a shainaithint. D'ainneoin roinnt iarratais, níor chuir an duine aonair an fhaisnéis sin ar fáil. Ní raibh an duine aonair in ann an fhaisnéis sin a chur ar fáil don Choimisiún le linn phróiseas an ghearáin ach an oiread.

Cé gur mhol an Coimisiún don duine aonair an fhaisnéis a chur ar fáil, roghnaigh an duine aonair gan comhoibriú leis an eagraíocht ná leis an gCoimisiún chun an uair nó an áit ar tharla an teagmhas a shainaithint, agus dá bharr sin níorbh fhéidir leis an gCoimisiún leanúint ar aghaidh leis an ngearán a láimhseáil.

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Cé go n-éascaíonn eagraíochtaí iarratais ar chearta faoi RGCS, ní mór do dhaoine aonair a ndóthain faisnéise a chur ar fáil ionas chun go mbeidh an eagraíocht in ann na sonraí pearsanta atá á lorg a shainaithint. Bíonn an Coimisiún ag súil go nglacfaidh daoine aonair páirt sa phróiseas agus go gcuireann siad na sonraí atá de dhíth ar fáil chun a gcuid iarratas a chur chun cinn.

# Cás-Staidéar 34
## TCI (teilifís ciorcaid iata) tráchtála i suíomhanna cónaithe

Bhí duine aonair i dteagmháil leis an gCoimisiún agus thug siad le fios go raibh córas TCI suiteáilte ag úinéir na talún in aice lena dteach, agus bhí an bóthar poiblí á thaifeadadh. Chuir an duine aonair in iúl sa chomhfhreagras go raibh dhá cheamara suite ar an talamh: ceann amháin ag taifeadadh na talún féin; agus an ceann eile a raibh aghaidh aige ar bhóthar poiblí agus ar na tithe in aice láimhe. Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an úinéir talún agus d'iarr sé ar fhaisnéis faoi chuspóir an chórais TCI, chomh maith le deimhniú ar an méid a bhí á thaifeadadh ag na ceamaraí. Mhínigh úinéir na talún gur suiteáladh na ceamaraí chun críche slándála, toisc go raibh fadhbanna ann le robáil agus le loitiméireacht roimhe. Dheimhnigh úinéir na talún don Choimisiún nach raibh cónaí acu sa réadmhaoin agus gur feirm thráchtála ina bhfuil beostoc agus meaisíní feirme í. Mar sin, ní raibh baint ag an díolúine tí sa chás.

Mar fhreagra ar cheisteanna ón gCoimisiún i dtaca leis an mbunús dleathach chun sonraí pearsanta a phróiseáil trí úsáid a bhaint as an gcóras TCI, leag úinéir na talún amach go raibh siad ag brath ar Airteagal 6(1)(f) de RGCS (leasanna dlisteanacha) mar bhunús dleathach chun an scannánaíocht TCI a phróiseáil.

De réir Airteagal 6(1)(f) de RGCS, tá an phróiseáil dleathach más gá í chun críocha leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir sonraí. Chun brath ar Airteagal 6(1)(f) de RGCS, ní mór do rialaitheoirí sonraí cearta agus saoirsí daoine aonair a chur san áireamh agus cothromaíocht a fháil eatarthu siúd agus leasanna na heagraíochta. Ní raibh polasaí TCI i bhfeidhm ag an úinéir talún tráth a fuarthas an gearán, áfach.

Chuir an t-úinéir talún in iúl don Choimisiún a luaithe is a tháinig siad ar an eolas faoi na hábhair imní a tharraing an gearánach anuas air, gur fhostaigh siad saineolaí slándála a shuiteáil 'criosanna príobháideachta' chun bac a chur ar an radharc ar gach limistéar nach raibh ina réadmhaoin féin. Bhí an Coimisiún sásta, de réir na fianaise a cuireadh ar fáil, go raibh bac leordhóthanach ar gach limistéar nach raibh ar réadmhaoin an úinéara talún, agus nach raibh teach an ghearánaigh á thaifeadadh. Bhí cumas gluaiseacht a bhrath ag an gceamara a bhí i gceist; ach dheimhnigh an Coimisiún nach raibh tionchar ag brath gluaiseachta luailbhunaithe ar na criosanna príobháideachta. Chuir úinéir na talún in iúl chomh maith go raibh tréimhse choinneála míosa ann don scannánaíocht TCI, agus dheimhnigh siad nach raibh aon taifead den ghearánach á choinneáil acu.

Rinne an Coimisiún an freagra ón úinéir talún a mheas, lena n-áirítear na gníomhartha maolaithe a glacadh chun criosanna príobháideachta a shuiteáil, agus bhí sé sásta ón bhfianaise a cuireadh ar fáil nár coinníodh aon sonraí a bhain leis an ngearánach. Thug an Coimisiún tuilleadh treorach don úinéir talún maidir lena n-oibleagáidí mar Rialaitheoir Sonraí a oibríonn TCI, agus béim ar leith ar a chinntiú go bhfuil polasaí TCI cuí i bhfeidhm i gcásanna ina bhféadfaí cuairteoirí ar an réadmhaoin a thaifeadadh leis na ceamaraí.

## PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Beidh úsáid TCI chun críocha slándála dleathach go hiondúil sa chás go mbíonn bunús dleathach cuí le próiseáil aici, agus go ndéantar é a dhoiciméadú i bpolasaí cuimsitheach TCI. Ba cheart go sonraítear tréimhse coinneála sonraí réasúnta sa pholasaí agus go gcuirtear faisnéis shoiléir ar fáil do dhaoine aonair maidir leis an gcaoi ar féidir leo a gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú.
- Nuair a dhéanann an Coimisiún imscrúdú ar aon ghearán a bhaineann le córas TCI, measann siad cé acu atá sonraí pearsanta á bpróiseáil nó nach bhfuil i dtosach. Sa chás go gcumraítear criosanna príobháideachta ionas nach ndéantar taifead ach ar réadmhaoin an rialaitheora, agus nach dtaifeadtar aon sonraí pearsanta daoine a bhíonn ag dul an bealach, tiocfaidh imscrúdú an Choimisiúin ar an gcóras TCI chun deireadh ag an bpointe sin.
- Is féidir tuilleadh treorach maidir le húsáid TCI a fháil anseo.

Treoir ar Úsáid TCI – Do Rialaitheoirí Sonraí

Treoir maidir le húsáid Teilifíse Chiorcaid Iata TCI) Baile

# Cás-Staidéar 35
## Ábhair imní fostaí maidir le TCI san ionad oibre

Bhí duine aonair i dteagmháil leis an gCoimisiún maidir le córas TCI a shuiteáil a bhfostóir san ionad oibre. Cé go raibh an duine aonair i ndiaidh a n-ábhair imní a chur in iúl dá bhfostóir cheana féin, ní raibh siad sásta leis an bhfreagra a fuair siad. Bhí imní ar an duine aonair go raibh an córas TCI á úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar fhostaithe, go raibh monatóir ar a dtaispeántar na híomhánna suite i limistéar poiblí áit gur féidir leis na fostaithe go léir é a fheiceáil, agus go raibh cianrochtain ag stiúrthóir bainistíochta na heagraíochta ar an gcóras TCI.

I ndiaidh don Choimisiún an gearán a fháil, chuaigh sé i mbun plé leis an eagraíocht, agus leag sé amach an tábhacht a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cheart príobháideachta an fhostaí san ionad oibre. I bhfreagra na heagraíochta, maíodh gur suiteáladh an córas TCI mar gheall ar imní faoi shlándáil, go raibh polasaí láidir TCI i bhfeidhm agus nach raibh rochtain á fáil ar an gcóras chun monatóireacht a dhéanamh ar fhostaithe ná chun críocha smachtaithe.

Maidir le cianrochtain ar an gcóras, mhaígh an eagraíocht go raibh teach úinéir an ghnó san áit chéanna leis an ngnó, agus go raibh cianrochtain an úinéara ar an gcóras TCI ann do thréimhsí nuair a bhí an foirgneamh folamh amháin, agus ní le linn uaireanta oibre.

Mhínigh an eagraíocht chomh maith, ó chuir an duine aonair na hábhair imní thosaigh in iúl, go raibh comharthaíocht TCI atá le feiceáil go soiléir suiteáilte ann. Bhí faisnéis ar an gcomharthaíocht sin chomh maith maidir leis an bpointe teagmhála d'fhostaithe a bhí ag iarraidh rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta, nó chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir lena bpróiseáil.

I ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán, fuair an Coimisiún amach, cé gur shainaithin an eagraíocht bonn dleathach lena córas TCI a oibriú, nár thug sí aird leordhóthanach ar na himpleachtaí slándála a bhain leis an gcóras a shuíomh in áit ina raibh sé le feiceáil ag na fostaithe go léir. Ina theannta sin, níor sainmhíníodh go soiléir na cúinsí faoina bhféadfaí cianrochtain a fháil ar an gcóras TCI.

Mar chuid dá phlé, chuir an Coimisiún moltaí agus treoir i dtaca le TCI a úsáid san ionad oibre ar fáil don eagraíocht, lena n-áirítear faisnéis lena gcinntítear go sainaithnítear an riachtanas, an chomhréireacht agus an trédhearcacht a bhaineann le sonraí pearsanta fostaithe trí chóras TCI agus go ndéantar iad a mheas.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Nuair atá córais TCI i bhfeidhm san ionad oibre, ní mór do rialaitheoirí a chinntiú go bhfuil an phróiseáil riachtanach, comhréireach, agus trédhearcach, agus go bhfuil cothromaíocht ann idir ceart na bhfostaithe chun príobháideachta agus iarrachtaí na rialaitheoirí féin chun sábháilteacht agus slándáil san ionad oibre a chinntiú.
- Ba cheart d'eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil ceamaraí agus monatóirí suite go cuí, go bhfuil comharthaíocht infheicthe ann, agus go bhfuil polasaí soiléir TCI i bhfeidhm (atá ar fáil go héasca d'fhostaithe), ina leagtar amach cuspóirí an chórais, socruithe rochtana agus tréimhsí coinneála.
- Is féidir tuilleadh eolais ar an ábhar sin a fháil ag;

Treoir ar Úsáid TCI – Do Rialaitheoirí Sonraí

# Cás-Staidéir Thrasteorann

# Cás-Staidéar 36
## Gearán trasteorann maidir le mainneachtain freagairt ar iarratas ar rochtain

Chuaigh duine aonair i dteagmháil le cuideachta meán sóisialta in 2023, ag iarraidh rochtain ar a sonraí pearsanta. Ina theannta sin, bhí fonn ar an duine aonair a fháil amach an chaoi agus an uair a bhailigh an chuideachta a sonraí pearsanta, agus an uair, más ann dó, a d'fhéadfaí na sonraí sin a aistriú chuig tríú páirtí. Chuir an duine aonair in iúl don Choimisiún nach raibh freagra faighte acu seachas an admháil uathoibríoch ón gcuideachta le rá go raibh an t-iarratas ar rochtain faighte acu. Mar gheall ar an easpa freagartha sin, chuir an duine gearán faoi bhráid an Choimisinéara Fheidearálaigh um Chosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise (BfDI) sa Ghearmáin. Ós rud é gurb é an Coimisiún an Príomh-Údarás Maoirseachta (PÚM) don chuideachta laistigh de limistéar AE/LEE, aistríodh an gearán chuig an gCoimisiún le himscrúdú trí mheán shásra an Aonaid Ilfhreastail.

Mar chuid dá nós imeachta láimhseála gearán, chuir an Coimisiún an gearán faoi bhráid na cuideachta. Sa fhreagra a cuireadh ar ais, mhínigh an chuideachta gur chuir an duine aonair a a n-iarratas ar rochtain isteach trí bhealach ginearálta 'déan teagmháil leis an bhfoireann tacaíochta' na cuideachta agus, cé go raibh próiseas i bhfeidhm chun iarratais RGCS a cuireadh isteach tríd an mbealach seo a thaifeadadh, ní raibh sí in ann teacht ar aon taifead d'iarraidh an duine. D'admhaigh an chuideachta, áfach, gurbh fhéidir nár aicmíodhan t-iarratas ar rochtain a rinne an duine go cuí mar iarratas a bhain le RGCS.

Mar thoradh ar an bplé leis an gCoimisiún, rinne an chuideachta athbhreithniú ar a próisis chun a chinntiú nach bhféadfadh an earráid tarlú arís. Anuas air sin, thug an chuideachta freagra ar na fiosrúcháin a ardaíodh le gearán an duine aonair. Chuir an chuideachta faisnéis ar fáil maidir leis an moill a bhain leis an duine aonair agus a sonraí pearsanta a fháil, iarratas an duine aonair ar rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta lasmuigh de na huirlisí féinseirbhíse ionaipe, agus tuilleadh faisnéise maidir le gach faighteoir eile (i.e. tríú páirtí) de na sonraí pearsanta. Luaigh an chuideachta ainmneacha na soláthraithe teileachumarsáide a raibh sonraí pearsanta comhroinnte aici leo.

Chomhroinn an Coimisiún an fhaisnéis sin leis an duine aonair, a d'aontaigh go bhféadfaí a ngearán a dhúnadh. Dá bhrí sin, measadh go raibh an gearán seo réitithe go sásúil.

Ar deireadh, mar fhreagra ar fhiosrúchán leantach deireanach an duine aonair, mhínigh an chuideachta, nuair a scriostar cuntas úsáideora go scriostar aon sonraí a comhroinneadh le tríú páirtithe go huathoibríoch.

## PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Léirítear sa chás sin an chaoi ar féidir le fadhbanna inchoiscthe teacht chun cinn nuair a mhainníonn rialaitheoir iarratas bailí duine ar a sonraí a shainaithint—ina phróisis inmheánacha féin, agus ar fud na gcomhlachtaí tríú páirtí lena raibh sonraí an duine aonair comhroinnte go dlisteanach aige. Leagtar tuilleadh béime ar na hoibleagáidí atá ar chuideachtaí chun freagra a thabhairt ar iarratais ar chosaint sonraí laistigh den amlíne riachtanach, de réir mar atá sa RGCS.

# Cás-Staidéar 37
## Gearán trasteorann maidir le hiarratas léirscriosta chuig cuideachta cluichíochta

Baineann an gearán seo le hiarraidh léirscriosta, de bhun Airteagal 17 de RGCS, a rinne duine aonair chuig cuideachta cluichíochta. De réir na faisnéise a chuir an duine aonair ar fáil, chruthaigh siad ticéad tacaíochta in 2024 chun a gcuntas a léirscriosadh. Mhaígh an duine aonair nach raibh aon uirlis uathoibrithe ar fáil d'úsáideoirí ar mian leo a sonraí a scriosadh, agus gurbh é an t-aon rogha a bhí ar fáil ná ticéad tacaíochta a oscailt. Mhaígh an duine aonair gur iarradh orthu a n-aitheantas a fhíorú, cé go raibh sé sin déanta acu cheana féin tríd an bhfíordheimhniú dhá mhodh roimhe sin. Dar leis an duine aonair, cuireadh 23 ceist 'an-teicniúil' eile orthu ina dhiaidh sin a bhí de dhíth, más fíor, chun a n-aitheantas a dheimhniú. Mhaígh an duine aonair gur dhiúltaigh an chuideachta a n-iarratas léirscriosta a chomhlíonadh ar an mbonn nach raibh siad in ann a n-aitheantas a fhíorú.

Le linn phróiseas láimhseála an ghearáin, chuir an chuideachta in iúl don Choimisiún gur thionscain an duine aonair próiseas athshlánaithe an chuntais seachas próiseas scriosta an chuntais. Ina dhiaidh sin, le linn comhrá le gníomhaire tacaíochta na cuideachta, d'iarr an duine aonair go scriosfaí a gcuntas. Ansin, lean an gníomhaire nósanna imeachta na cuideachta chun iarracht a dhéanamh an t-úsáideoir a fhíordheimhniú mar an té ar leo an cuntas le ceart sula scriosfaí an cuntas. Ní raibh an duine aonair in ann an fhaisnéis a iarradh a chur ar fáil, áfach. Ansin sheol an gníomhaire nasc chuig an duine aonair ionas go bhféadfaidís a gcuntas a scriosadh. Bhí ar an duine aonair a bheith logáilte isteach ag an am leis sin a dhéanamh. Níor bhain an duine aonair úsáid as an rogha sin.

Shoiléirigh an chuideachta gur dhiúltaigh an duine aonair freagraí a thabhairt ar na cúig cheist tosaigh chun a n-aitheantas a dheimhniú, agus gur mhainnigh siad freagra a thabhairt ar na 23 ceist leantach eile, as ar eascair amhras faoi úinéireacht an chuntais agus cuireadh bac ar an scriosadh dá bharr. Thug an chuideachta le fios, dá mbeadh an fhaisnéis riachtanach curtha ar fáil ag an duine aonair don chuideachta ón tús, go mbeadh an gníomhaire in ann an cuntas a scriosadh gan aon ghá le

tuilleadh ceisteanna. Ach chuir an chuideachta in iúl go raibh siad sásta cuntas an duine aonair a scriosadh dá ndéanfadh an duine aonair teagmháil léi ón seoladh ríomhphoist a bhí cláraithe leis an gcuntas. De rogha air sin, d'fhéadfadh an duine aonair an scriosadh uathoibríoch a chur i gcrích trí úsáid a bhaint as an uirlis thiomnaithe ar shuíomh gréasáin na cuideachta, agus an nasc a cuireadh ar fáil a nascleanúint.

D'fhreagair an duine an Coimisiún aonair go díreach. Mhaígh an duine aonair, ina gcomhfhreagras, go ndearna siad iarracht an URL a chuir an chuideachta ar fáil a úsáid chun a gcuntas a scriosadh, ach ní raibh siad in ann an próiseas a chur i gcrích sa chás áirithe seo, toisc nár lig an córas dóibh leanúint ar aghaidh. Bhí an duine aonair á threorú ag teachtaireacht earráide chun teagmháil a dhéanamh le foireann tacaíochta do chustaiméirí de chuid na cuideachta. Chuir an duine aonair gabháil scáileáin den teachtaireacht earráide sin ar fáil agus iad ag iarraidh an uirlis scriosta a úsáid, ionas go bhféadfadh an Coimisiún an scéal a fhiosrú a thuilleadh.

Bunaithe ar an eolas seo, chuir an chuideachta freagra sa bhreis ar fáil ar fhiosrúcháin an Choimisiúin agus mhínigh sí go raibh tuilleadh imscrúdaithe déanta ar an ábhar ó shin agus go raibh sí in ann a dheimhniú go raibh ábhar annamh nó ardluacha sa chuntas atá i gceist. I gcás cuntas dá leithéid, ní féidir an scriosadh a chur i gcrích tríd an sreabhadh uathoibrithe agus ní mór do ghníomhairí tacaíochta é a láimhseáil de láimh. Leag an chuideachta amach go bhfuil an chosaint sin i bhfeidhm chun cosc a chur ar scriosadh trí thimpiste nó trí mhailís cuntas ardluacha, rud lenar léiríodh a tiomantas i dtaca le slándáil agus cuntasacht arís. Mar gheall ar an teorainn theicniúil sin, fiú dá n-éireodh leis an duine aonair an sreabhadh ceart a leanúint, ní bheadh an scriosadh curtha i gcrích go fóill gan idirghabháil gníomhaire. Dheimhnigh an chuideachta, i bhfianaise an mhéid sin agus ar mhaithe le hiarraidh an duine aonair a réiteach go tapa, go raibh sí sásta an cuntas a scriosadh de láimh gan tuilleadh fíoraithe.

Dheimhnigh an chuideachta ina dhiaidh sin don Choimisiún go raibh an cuntas i gceist scriosta. Ós rud é nár tháinig aon fhreagra eile ón duine aonair, dúnadh an cás seo mar 'réitithe go sásúil' i gcomhréir le halt 109(3) den Acht 2018.

## PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Leagtar béim sa chás sin ar an tábhacht a bhaineann le hoiliúint rialta RGCS, go háirithe d'fhoireann túslíne, chun a chinntiú go n-aithníonn siad nuair a bhíonn cearta an ábhair sonraí á bhfeidhmiú ag daoine aonair.

# Cás-Staidéar 38
## Gearán trasteorann maidir le hiarratas ar rochtain agus léirscriosta do chuideachta áirithinte lóistín

Chuaigh duine i dteagmháil le cuideachta áirithinte lóistín ag iarraidh rochtain ar a sonraí pearsanta, de bhun Airteagal 15 de RGCS. Chuir an chuideachta na sonraí pearsanta a d'iarr an duine aonair ar fáil dóibh. Mhaígh an duine aonair, áfach, nach raibh freagra na cuideachta sásúil, nach raibh a sonraí pearsanta ó chuntas roimhe san fhaisnéis a chuir an chuideachta ar fáil. Dá bharr sin, chuir an duine aonair gearán faoi bhráid Údarás um Chosaint Sonraí Bheirlín, sa Ghearmáin. Ós rud é gurb é an Coimisiún an Príomh-Údarás Maoirseachta (PÚM) don chuideachta laistigh de limistéar AE/LEE, aistríodh an gearán chuig an gCoimisiún le himscrúdú trí mheán shásra an Aonaid Ilfhreastail.

Mar chuid den phróiseas láimhseála a bhain leis an ngearán, chuaigh an Coimisiún i mbun plé leis an gcuideachta agus tharraing sé anuas ábhair imní an duine aonair maidir leis na sonraí a cheap siad a bhí ar iarraidh ó fhreagairt na cuideachta, agus bhain na hábhair imní sin le cuntas a bhí ann cheana. Chuir an chuideachta in iúl don Choimisiún go raibh sí i dteagmháil leis an duine aonair go díreach chun a ngearán a réiteach. Chomh maith leis sin, d'inis an chuideachta don Choimisiún go raibh iarratas scriosta curtha isteach ag an duine aonair, chun '...na sonraí go léir ón dá chuntas' a scriosadh. Chuir an chuideachta in iúl don Choimisiún go raibh cuntais an duine aonair sin scriosta acu. Ansin chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an duine aonair chun a dheimhniú an raibh siad sásta go raibh an dá iarratas a rinneadh – an t-iarratas ar rochtain, a chuir an chuideachta ar fáil, agus an t-iarratas scriosta a rinneadh ina dhiaidh sin – curtha i gcrích anois. Dheimhnigh an duine aonair go raibh siad sásta le toradh a ngearáin. Dá bhrí sin, dúnadh an cás sin mar 'réitithe go sásúil'.

### PRÍOMHPHOINTÍ TÁTAIL

- Is féidir leis an gCoimisiún cabhrú le daoine aonair le linn phróiseas an réitigh shásúil chun a a n-iarratais ar leith a mhíniú do rialaitheoir sonraí, sa chás nár éirigh le hidirbheartaíochtaí roimhe seo.
- Ba cheart do rialaitheoirí sonraí tabhairt faoi thástáil rialta réamhghníomhach ar phróisis eagraíochtúla agus theicniúla chun a chinntiú go gcomhlíontar a n-oibleagáidí go léir faoi RGCS.

# Cás-Staidéar 39
## Gearán trasteorann maidir le mainneachtain freagairt ar iarratas léirscriosta

Sheol duine aonair ríomhphost chuig cuideachta ilnáisiúnta teicneolaíochta in 2025, ag iarraidh go léirscriosfaí a sonraí pearsanta de bhun Airteagal 17 de RGCS. D'fhreagair an chuideachta agus tugadh admháil go raibh an t-iarratas faighte agus cuireadh in iúl go ndéanfaí an t-iarratas a phróiseáil. Lean an chuideachta an admháil sin le fógra lenar chuir sí in iúl don duine aonair go bhféadfadh siad a n-iarratas a chur isteach trí fhoirm ar líne, agus cuireadh nasc ar fáil. D'fhreagair an duine aonair ar an lá céanna, ag rá nach raibh siad in ann a n-iarratas léirscriosta a dhéanamh ar an fhoirm a cuireadh ar fáil. Ansin chuir an duine aonair gearán faoi bhráid DPA Hamburg, a d'aistrigh é ansin chuig an gCoimisiún i gcomhréir le forálacha an Ionaid Ilfhreastail.

Nuair a thosaigh an Coimisiún ar an ngearán, d'admhaigh an chuideachta nár láimhseáladh iarratas an duine aonair go tráthúil, rud atá contrártha dá nósanna imeachta féin. Mhínigh siad gur próiseáladh an t-iarratas léirscriosta go mícheart, mar gheall ar earráid inmheánach, ar bhealach inar fhág gur seoladh faisnéis chuig an duine aonair nach raibh baint dhíreach aici lena n-iarratas léirscriosta. Chuir an chuideachta in iúl go raibh an cás seo faoi réir athbhreithniú cáilíochta, agus fuair an gníomhaire aiseolas maidir lena láimhseáil ar an iarratas agus an chaoi ar cheart iarrataí cosúla a bhainistiú amach anseo. Mar fhocal scoir, chuir an chuideachta in iúl don Choimisiún go raibh cuntas an duine aonair scriosta, sular chuir an Coimisiún tús leis an ngearán.

Trí DPA Hamburg, cuireadh in iúl don Choimisiún go raibh an duine aonair sásta le réiteach sásúil ar a ngearán i ndiaidh léirscriosadh a sonraí pearsanta a dheimhniú.

### PRÍOMHPHOINTE TÁTAIL

- Léirítear sa chás sin nach mór d'eagraíochtaí a bhíonn ag brath ar chórais uathoibrithe / foirmeacha ar líne tabhairt faoi thástáil rialta chun a chinntiú go bhfuil an teicneolaíocht ag feidhmiú. Léirítear sa chás seo chomh maith má ghlacann na rialaitheoirí sonraí cur chuige réamhghníomhach nuair a fhaigheann siad iarratas cosanta sonraí gur minic is féidir leo é a réiteach agus ní bhíonn aon ghá le tabhairt faoi phróiseas fada láimhseála gearáin.

# Nótaí

**An Coimisiún um Chosaint Sonraí**
6 Rae Pheambróg
Baile Átha Cliath, 2
D02 X963
Éire

(01) 765 01 00
1800 437 737
www.dataprotection.ie

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission